The Authority has received sanction from the Department of Transport, Tourism and Sport, and the Department of Public Expenditure and Reform, to retain funds, totalling €4,118,697, on condition that the monies are expended on tourism capital development priorities. The retention of these monies is to be taken into account when determining the grant allocation.

Notes to the Financial Statements

year ended 31 December 2015

22. GRANT PAYMENT COMMITMENTS

Commitments for capital grant payments at 31 December 2015 were estimated at €20.1 million (2014: €30.5 million).

23. RELATED PARTY DISCLOSURES

The Authority adopts procedures in accordance with the guidelines issued by the Department of Public Expenditure & Reform in relation to the disclosure of interests by Authority Members and these procedures have been adhered to by the Authority Members and the Authority during the year.

The Authority Members and Fáilte Ireland complied with the Department of Public Enterprise and Reform guidelines covering situations of personal interest in the normal course of business. Fáilte Ireland may approve financial support/grants and enter into contractual arrangements with undertakings in which Fáilte Ireland Authority Members are employed or otherwise interested.

In cases of potential conflict of interest Authority Members did not receive Authority documentation on the proposed transactions nor did the members participate in or attend discussions relating to the matters.

An Authority Member expressed an interest in one grant under the Tourism Capital Investment Programme totalling €877,000.

24. RECOVERY OF GRANTS

Fáilte Ireland has carried out verification checks on expenditure claimed in a sample of projects supported under the 1994-1999 Tourism Operational Programme and also carries out post-monitoring on grants paid. As a result of these procedures, funds to the value of €885,886.22 which were recovered from grantees, were on hand and included in Payables above at year-end. There is no mechanism to repay such funds to the EU. Fáilte Ireland plans to offset amounts due to it from the EU in relation to monitoring projects, against this creditor.

25. PENSIONS

The Authority's pension schemes are described below:

UNFUNDED NATIONAL TOURISM DEVELOPMENT AUTHORITY SUPERANNUATION SCHEME

The Authority operates an unfunded defined benefit superannuation scheme for eligible permanent staff under The National Tourism Development Authority Act, 2003 and for eligible permanent staff of the former Bord Fáilte under section 15 of the Tourist Traffic Act, 1952 and section 9 of the Tourist Traffic Act, 1983.

The pension scheme is a defined benefit final salary pension arrangement with benefits and contributions defined by reference to current "model" public sector scheme regulations. The scheme provides a pension (eightieths per year of service), a gratuity or lump sum (three eightieths per year of service) and spouse's and children's pensions. Normal Retirement Age is a member's 65th birthday; pre 2004 members have an entitlement to retire without actuarial reduction from age 60. Pensions in payment (and deferment) normally increase in line with general public sector salary inflation.

UNFUNDED (FORMERLY CERT) CONTRIBUTORY PENSION AND DEATH BENEFITS PLAN (CLOSED TO NEW ENTRANTS)

The Authority operates a defined benefit pension scheme for eligible staff of the former CERT Ltd. Benefits and contributions are defined by pension scheme deeds and booklets. The scheme provides a pension (eightieths per year of service), a gratuity or lump sum (three eightieths per year of service) and spouse's and children's pensions subject to a rule that if a member attains 20 years service at age 65 years, 40 years is awarded. Normal Retirement Age is a member's 65th birthday.

Notes to the Financial Statements

year ended 31 December 2015

As this scheme is closed, under the projected unit method, the current service cost will increase as the members of the scheme approach retirement.

UNFUNDED REGIONAL TOURISM ORGANISATIONS PENSION SCHEME (CLOSED TO NEW ENTRANTS)

A defined benefit pension scheme is operated for eligible staff of the former six Regional Tourism Authorities with benefits funded by contributions from the employees.

Benefits and contributions are defined by pension scheme deeds and booklets. The scheme provides a pension (eightieths per year of service), a gratuity or lump sum (three eightieths per year of service) and spouse's and children's pensions. Normal Retirement Age is a member's 65th birthday; pre 2004 members have an entitlement to retire without actuarial reduction from age 60. Pensions in payment (and deferment) normally increase in line with general public sector salary inflation. As this scheme is closed, under the projected unit method, the current service cost will increase as the members of the scheme approach retirement.

DEFINED CONTRIBUTION SCHEME

A defined contribution pension scheme was available for staff who were not eligible for the unfunded superannuation scheme. The assets of this scheme were held separately from those of Fáilte Ireland in independently administered funds. Since November 2013 there are no longer any staff who are members of this scheme.

(A) Analysis Of Total Retirement Benefit Costs Charged To Expenditure	2015 €'000	2014 €'000
Current service cost	5,114	5,117
Interest on pension scheme liabilities	4,762	7,801
Employee contributions	(717)	(922)
Total Defined Benefit Scheme Costs	9,159	11,996
Defined Contribution Schemes	-	-
Other*	68	167
Total	9,227	12,163

*Other costs comprise: (I) Income Continuance Premium Payments made in respect of formerly CERT pension scheme members of €35,566 and (II) €32,570, being the difference between the formerly CERT pension scheme entitlement and the payment of an annuity purchased at the time.

(B) Analysis of amount recognised in Comprehensive Income	2015 €'000	2014 €'000
		Restated
Experience Gains	473	4,751
Changes in Assumptions	(256)	(20,473)
Actuarial Gain / (Loss)	217	(15,722)
Actuarial Gain (loss) recognised by matching funding	(2,409)	8,478
Total	(2,192)	(7,244)

Notes to the Financial Statements

year ended 31 December 2015

(C) Movement in Net Retirement Benefit Obligations' during the year

	2015 €'000	2014 €'000
Net Pension Liability at 1 January	(242,135)	(221,485)
Benefits paid	7,606	7,990
Current service cost	(5,114)	(5,117)
Interest on pension scheme liabilities	(4,762)	(7,801)
Actuarial gain/(loss)	217	(15,722)
Net Pension Liability at 31 December	<u>(244,188)</u>	<u>(242,135)</u>

(D) Deferred Retirement Benefits Funding

The Authority recognises an asset corresponding to the unfunded deferred liability for the Unfunded Regional Tourism Organisations Pension Scheme and the Unfunded (formerly CERT) pension scheme as set out in the Accounting Policy for pensions.

	2015 €'000	2014 €'000
Unfunded (formerly CERT) pensions scheme and Unfunded Regional Tourism Organisation scheme (Based on the Provisions of the Financial Measures Act 2009).	99,397	99,735
Total	<u>99,397</u>	<u>99,735</u>

The Net Deferred Funding for Pensions recognised in the Income and Expenditure Account is as follows:

	2015 €'000	2014 €'000
Funding Recoverable in respect of current year retirement benefit costs - Unfunded (formerly CERT) Pensions Scheme and Unfunded Regional Organisation Tourism Scheme	4,494	5,619
State Grant applied to pay pensioners	(2,104)	(2,207)
Staff Contributions applied to pay pensioners	(320)	(357)
	<u>2,070</u>	<u>3,055</u>

The quantification of the liability is based on the financial assumptions set out in the note below (E).

The assumptions used, which are based on professional actuarial advice, are advised to the Department of Transport Tourism and Sport.

Notes to the Financial Statements

year ended 31 December 2015

(E) Scheme and Actuarial Assumptions

The valuation of the schemes' liabilities used for the purposes of FRS 102 Section 28 Employee Benefits disclosures has been based on a full actuarial valuation at the 31 December 2015 carried out by a qualified independent actuary. Pension scheme liabilities have been measured using the projected unit method

	31/12/2015	31/12/2014
Discount rate	2.30%	2.00%
Rate of increase in salaries	3.10%	2.75%
Future state pension increases	3.10%	2.75%
Future pension increases	2.6%*	2.25%*
Inflation Rate	1.60%	1.25%
Revaluation in deferment	2.60%**	2.25%**
 Demographic Assumptions	 31/12/2015	 31/12/2014
Mortality Pre Retirement	Male 62% of PNML00 Female 70% of PNML00	Male 62% PNFL00 Female 70% of PNFL00
Mortality Post Retirement	Male 58% of PNML00 Female 62% of PNML00	Male 58% PNFL00 Female 62% of PNFL00
Allowances for future improvements in mortality	Yes	Yes
Retirement Age	New entrants 65, other employees 62***	New entrants 65, other employees 62***
% married at retirement	90%	90%
Age difference between spouses	A male is assumed to be 3 years older than his spouse	A male is assumed to be 3 years older than his spouse

* In the case of the CERT scheme, future pension increases of 3% p.a. are assumed.

** In the case of the CERT scheme, statutory revaluation applies to deferred benefits. As a result a revaluation in deferment rate of 1.6% p.a. is assumed. In the case of the other Fáilte Ireland pension schemes deferred benefits are assumed to revalue in line with pay parity increases of 2.6% p.a..

*** The retirement age for the CERT pension scheme is 65 for all members.

The mortality basis above explicitly allows for improvements in life expectancy over time, so that life expectancy will depend on the year in which a member attains retirement age. The table below shows the life expectancy for members attaining age 65 in 2015 and 2035.

Year of attaining age 65	2015	2035
Life expectancy - Male	20.9 years	23.5 years
Life expectancy - Female	23.5 years	25.6 years

Notes to the Financial Statements

year ended 31 December 2015

(F) History of defined benefit obligations, assets and experience gains and losses

	2015 €'000	2014 €'000	2013 €'000	2012 €'000	2011 €'000
Defined benefit obligations	244,188	242,135	221,485	231,888	177,194
Experience gain/(loss) on scheme liabilities					
• Amount (€'000)		4,751	8,540	1,632	5,186
• Percentage of present value scheme liabilities		2.0%	3.9%	0.7%	3.0%

26. TRANSITION TO FRS102

Reconciliation of Reserves	Note	As At	
		01/01/2014 €'000	31/12/2014 €'000
Reserves (as previously reported)		(125,914)	(128,990)
Holiday Pay Accrual	1	(433)	(408)
Reclass Investment Property Value Increase	2	-	450
Transfer to Capital Reserves	3	-	(450)
Reserves restated		<u>(126,347)</u>	<u>(129,398)</u>

Reconciliation of Surplus for the year ended

	Year End 31/12/2014	€'000
Surplus for the year (as previously reported)		4,168
Holiday pay accrual	1	25
Reclass Investment Property Value Increase	2	450
Transfer to Capital Reserves	3	(450)
Surplus for the year (restated)		<u>4,193</u>

1. Holiday Pay Accrual

Fáilte Ireland had previously not accrued for holiday pay earned by employees but not availed of at the reporting date. In accordance with FRS 102, the Financial Statements must recognise such accruals.

The impact of this change is an increase of €433,000 in payables at the transition date and €408,000 at 31 December 2014.

2. Reclass Investment Property Value Increase

Fáilte Ireland recognised an increase of €450,000 in investment properties in the Capital and Reserves in the Period to the 31/12/2014. In accordance with FRS 102 such valuations must be recognised in the profit and loss. Fáilte Ireland have restated the profit and loss in other income to reflect the change in policy.

The impact of this change has no effect on the transition date and an increase of €450,000 in reserves at 31 December 2014.

Notes to the Financial Statements

year ended 31 December 2015

3. Transfer to Capital Reserves

Having adjusted the capital reserves to comply with FRS102 a corresponding adjustment is required so that the capital funding equates to the Net Book Value of the Assets.

The impact of this change has no effect on the transition date and a decrease of €450,000 in reserves at 31 December 2014.

27. GOING CONCERN

The Financial Statements have been prepared on the going concern basis. At the time of preparing the 2015 Financial Statements there is uncertainty as to the continued longer term funding of the National Tourism Development Authority Superannuation Scheme by the Oireachtas as the scheme is not mentioned in the Financial Measures (Miscellaneous Provisions) Act 2009 which provides legislative backing to the Group's two other pension schemes. The Authority has sought assurance from the Department of Transport, Tourism and Sport and the Department of Public Expenditure and Reform as to the continued funding of this scheme and to date this assurance has not been received. Accordingly, the Authority has decided not to provide for a deferred asset in the Financial Statements totalling €144.8m, being the value of the deferred liability of the scheme.

In assessing the going concern position of the Group the Authority has considered the following:

1. The Oireachtas continues to provide funding on a pay as you go basis for the National Tourism Development Authority Superannuation Scheme through the annual Estimates process.
2. The organisation is a state body established by the National Tourism Development Authority Act 2003 and 96% funded by the Oireachtas.
3. There are currently no plans to dissolve the organisation.
4. The funding of the pension scheme is an ongoing issue and the Authority has not been given a definitive position that funding will or will not continue.
5. The crystallisation of the potential liability will span a period of 34 years into the future.

Based on the above considerations the Authority members are satisfied that the Group has adequate resources to continue for at least 12 months from the date of approval of these Financial Statements and it is appropriate to adopt the going concern basis in the preparation of the Financial Statements.

The Authority members have also concluded that the uncertainty re the National Tourism Development Superannuation Scheme does not represent a material uncertainty that casts significant doubt about the Group's ability to continue as a going concern and on that basis the Authority will continue to adopt the going concern basis in preparing its Financial Statements.

28. APPROVAL OF FINANCIAL STATEMENTS

These financial statements were approved by the Authority on 12th September 2016.

Prompt Payments by Public Sector Bodies

year ended 31 December 2015

Reporting Template pursuant to Government Decision No. S29296 of 2nd and 8th March 2011 on 15 Day Payments by:

The Health Service Executive, the Local Authorities, State agencies, and all other Public Sector Bodies, (excluding Commercial Semi State Bodies)

Parent Government Dept: Department of Transport, Tourism & Sport
Public Sector Body: National Tourism Development Authority
Yearly Period Covered: 01st Jan 2015 to 31st Dec 2015

Details	Number	Value (€)	(%) of total payments made
Total payments made	13,165	€59,367,366.60	100.00%
Number of payments made within 15 days	11,993	€54,749,044.66	91.10%
Number of payments made within 16 days to 30 days	923	€3,802,536.26	7.01%
Number of payments made in excess of 30 days	249	€815,785.68	1.89%
Disputed Invoices	272	€1,590,132.14	
Total	13,437	€60,957,498.74	

www.Fáilteireland.ie





N
G
A
I

Tuarascáil Bhliantúil 2015

Ráitis Airgeadais
Don Bliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2015

Oifigí Fáilte Éireann

Ceannoifig – Baile Átha Cliath
Áras Fáilte
88-95 Sráid Amiens
Baile Átha Cliath D01 WR86

Íosghlao: 1890 525 525
Ríomhphost: info@failteireland.ie
Láithreán Gréasáin:
www.failteireland.ie
Tomháltoir: www.discoverireland.ie

Corcaigh
Aonad 2, Teach Nesson,
Páirc Ghnó Riverview
Sráid Bessboro, An Dúcharraig
Corcaigh T12 R8HE
Fón: 021423 3200

Port Láirge
4ú urlár, Teach Wallace
Geata Maritana
Sráid Cheanada
Port Láirge X91 PP2R
Fón: 051 312700

Sligeach
Áras Reddan
Sráid an Teampaill
Sligeach F91 RX45
Fón: 071 9155 044

An Iarmhí
Urlár 2 Teach Fair Green
Green Bridge
An Muileann gCearr
Co. na hIarmhí N91 V5WC
Fón: 044-9344000

Gaillimh
Áras Fáilte
Sráid Forster
Gaillimh H91 N1FSD
Fón: 091 537700

Luimneach
Urlár 3, The Granary
Sráid Mhichíl
Luimneach V94 P38C
Fón: 061 317522

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2015

Chuig an Aire lompair, Turasóireachta agus Spóirt

De réir an Achta um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003, déanann Fáilte Éireann a tuarascáil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015, a chur i láthair.

CLÁR NA NÁBHAR

Ráiteas an Chathaoirligh	3
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	5
Turasóireacht 2015 – An Bhliain i bhFigíúirí	12-13
Ráiteas Corparáide	14
Gníomhaíocht Oiliúna 2014 agus Cait 2015	15
Na Comhaltaí Údarás 2015 - Struchtúr na Roinne, Fáilte Éireann	16
Uimhreacha agus loncam na Turasóireachta 2015	18
Ráiteas Éifeachtúlachta Fuinnimh	19
Na Ráitis Airgeadais	21
Íocaíochtaí Prasa le Comhlachtaí na hEarnála Poiblí	55

“ Dé réir an tsuirbhé bhliantúil a dhéanaimid ar chuairteoirí chun na tíre ó thar lear, chuir gnóthaí thurasóireacht na hÉireann luach ar airgead ar fáil ina gcuid seirbhísí, treocht atá ag dul i bhfeabhas ó 2009 i leith... ”

Ráiteas an Chathaoirligh

Michael Cawley An Chathaoirligh



Bhí an fás suntasach ar ioncam agus ar líon na gcuairteoirí chun na tíre seo ina údar lúcháire do Thurasóireacht na hÉireann le linn 2015. Tháinig an líon cuairteoirí is mó riamh ó thar lear, 8 milliún duine, agus chaith siad an méid is airde airgead riamh: €4.3 billiún. Cé go bhfuil tosca cineálta ar leith mar chuíos leis an bhfás sin, amhail feabhas ar chúrsaí eacnamaíochta sna príomh-mhargáí foinse, na rátaí malaирte fabhracha agus an t-ardú ar líon na seirbhísí aerthaistil a dhéanann freastal ar an tír, féadfaimid, gan aon amhras, na torthaí atá ar straitéis nua Fáilte Éireann a ainmniú mar ghnéithe a chuireann go mór leis an dea-scéal.

Thug iomaíochas leanúnach na hearnála spreagadh do thurasóireacht na hÉireann in 2015. Dé réir an tsuirbhé bhliantúil a dhéanaimid ar chuairteoirí chun na tíre ó thar lear, chuir gnótháil thurasóireacht na hÉireann luach ar airgead ar fáil ina gcuid seirbhísí, treocht atá ag dul i bhfeabhas ó 2009 i leith. Cé gur údar dóchais dúinn gur ceapadh go bhfuil luach ar airgead ar fáil san earnáil le linn 2015, ní mór dúinn áfach, a bheith aireach agus cúramach fós. Ní mór dúinn a thuiscint gur chabhraigh na rátaí malaирte fabhracha do thaistealaithe ón mBreatain agus ó Mheiriceá go mór le hiomaíochas na hearnála le linn 2015. Níor chóir dúinn a bheith réchúiseach agus ní mór dúinn fanacht ar an airdeall maidir le luach, ar fhaitíos go dtiocfadh an titim a tháinig ar luach an steirling le gairid aniar aduaidh orainn.

Seachas cúrsaí iomaíochais amháin, tá ar ár gcumas tionchar a imirt ar nithe go leor eile. Sa chomhthéacs sin, chomhoibrigh Fáilte Éireann lena compháirtithe ar fad san earnáil turasóireachta le linn 2015, chun fás a bheidh buanseasmhach seachas séasúrach a éascú. Tá cruthú agus feidhmiú céimneach na mbrandaí margáiochta sainiúla atá bunaithe ar shócmhainní sainiúla na tíre agus atá bunaithe ar na nithe sin a bhíonn á lorg ag cuairteoirí chun na tíre ó thar lear, ar an bhforbairt straitéiseach is tábhactaí a rinneadh i dtaca le fás inbhuanaithe na tíre a chinntiú.

Is mór liom a thuairisciú go ndearnamar dul chun cinn le cois le linn na bliana agus forbairt á déanamh againn ar na cúiseanna ar chóir cuairt a thabhairt ar Éirinn, rinneadh ár gcumas i dtaoibh cuairteoirí a mhealladh chun na tíre a neartú leis an dá bhranda nua a cuireadh ar bun i mBaile Átha Cliath agus in Oirtheor na tíre, i

gcomhar lenár mbrandaí reatha, Slí an Atlantaigh Fhiáin san iarthar agus an branda 'Meet in Ireland' ina ndíritear ar chúrsaí turasóireachta gnó.

Cé go bhfuil ag éirí go maith le Baile Átha Cliath ó thaobh cúrsaí cuairteoirí de, léiríonn ár dtaighde féin go bhfuil branda na cathrach réchaite go maith faoin tráth seo agus nach mór cur chuige nua. Tar éis d'obair Thascfhórsa Grow Dublin, a rinne Fáilte Éireann a bhunú, a thabhairt chun críche, rinneadh an branda nua 'Dublin – a Breath of Fresh Air' mar aon le feachtas margáiochta príobháideach/poiblí €1m a sheoladh le linn 2015.

In oirtheor agus i ndeisceart na tíre léiritear dúshlán don earnáil turasóireachta atá thar a bheith éagsúil: conas is féidir dul i gcion ar chuairteoirí chuit ag réigiún sin, chun go mbeidís sásta tréimhse réasúnta ama a chaitheamh iontu agus na réigiún sin a athrú go héifeachtach ó cheantair nach ndéantar ach taisteal tríothu go ceantair cearta turasóireachta. Tar éis taighde chuimsitheach agus táistíl mhargaíochta a dhéanamh, rinne Fáilte Éireann an branda nua 'Sean-Oirtheor na hÉireann', a sheoladh in 2015, chun tairbhe a bhaint as doimhneacht agus as éagsúlacht sócmhainní oidreachta an réigiún agus as an mbuntáiste iomaíoch a bhaineann le seanchas an réigiún agus le cumas mhuintir an réigiún na scéalta agus an seanchas sin a athrís. Is údar dóchais dúinn na táscairí luatha ón margadh agus tacóimid go láidir leis an mbranda le linn 2016.

Idir an dá linn tá an-rath ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, a seoladh in 2014, ainneoin nach raibh ach tionchar measartha ag an togra ar thurasóireacht idirnáisiúnta le linn 2015. Creidimid áfach, go dtiocfaidh ardú ar na leibhéil eolais maidir leis an togra ar fud na margáí idirnáisiúnta sna blianta beaga amach romhainn agus go gcuirfidh Slí an Atlantaigh Fhiáin borradh agus spreagadh faoi chúrsaí turasóireachta in larthar na hÉireann amach anseo. De réir mar a dhéanfar an togra a phorbairt, beidh Slí an Atlantaigh Fhiáin ríthábhachtach i dtaca leis na réigiún sin ar chósta thiarr thuaidh na Gaillimhe a athrú chun feabhas, réigiún nach bhfuil an taithí chéanna acu ar na leibhéil gníomhaíochta atá feicthe ag réigiún ar leith i gcontaetha Chiarráí, an Chláir agus na Gaillimhe cheana féin.

D'éirigh thar barr lenár mbranda turasóireachta gnó 'Meet in Ireland' le linn 2015, le hardú 20% ar líon



na gcomhdhálacha idirnáisiúnta agus imeachtaí ar éirigh le hÉirinn a aimsiú agus ardú 80% ar líon na gcomhdhálacha agus imeachtaí a ainmníodh agus a aimsíodh do na blianta amach romhainn. Toisc nach bhfuil Baile Átha Cliath in acmhainn ach freastal ar a sciar féin áfach, ba léir in 2015 go raibh gá le himeachtaí agus le comhdhálacha a réachtáil in ionaid réigiúnacha eile agus deis a thabhairt do na ceantair sin taobh amuigh de theorainn chathair Bhaile Átha Cliath.

Beidh na brandaí taithí sin sin ina bpríomhghhnéithe i dtaca le turasóireacht inbhuanaithe in Éirinn a fhás amach anseo agus is astu a dtiocfaidh an fócas a bheidh riachtanach chun ár straitéis infheistíochta, margáiocht, pleannána díolachán agus leithdháilte agus ár dtograí oiliúna a chur i gcrích sna 5-7 de bhlianta atá amach romhainn.


Chomh maith leis sin, dhírigh muid ar an ngá i ndáiríre a bhí le réimse na turasóireachta a leathnú in 2015, go mór mhór trí shéasúr na turasóireachta a leathnú agus trí líon na gcuairteoirí a scaipeadh ar fud na tíre. Gan dul i bhfad scéil leis, tá an deis ann chun turasóireacht inbhuanaithe a fhás trí dhíriú ar cheisteanna na 'séasúrachta' agus na 'réigiúnachta'.

Maidir le séasúrachta mar shampla, is le linn míonna gnóthacha an tsamhraidh amháin a bhíonn leath de ghnó turasóireachta na tíre ag feidhmiú, taobh amuigh de chathair Bhaile Átha Cliath, gan ach úsáid de bheagán á baint as sócmhainní turasóireachta na tíre an chuid eile den bhliaín. Ní mór dúinn díriú ar ghníomhaíochtaí a chur ar bun le linn na dtréimhsí eile sin, (go luath san earrach agus san fhómhar). Go réigiúnach, fanann 30% de na cuairteoirí ó thar lear in óstáin ar chósta iarthair na tíre ar feadh oíche amháin ar a laghad, ní fhanann

ach 20% díobh sna hóstáin in oirtheard agus i ndeisceart na tíre ar feadh na tréimhse céanna. Creidim féin nach bhfuil mórán céille le cuairteoirí ó thar lear atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath a thabhairt amach faoin tir ar thuras lae, creidim go bhfuil an cleachtadh sin costasach agus gur beag tairbhe atá ann don chuairteoir. Oibreoidim i dtreo athrú ó bhonn a dhéanamh ar an oidhreacht stairiúil sin, chun leasa Bhaile Átha Cliath agus na réigiún eile araon.

Is mian liom m'ómós a léiriú do ghairmiúlacht agus do dhíograis na foirne ar fad in Fáilte Éireann, go mór mhór don Phríomhfeidhmeannach Shaun Quinn, agus dá fhoireann bhainistíochta. Is mian liom chomh maith, buíochas a ghlacadh le mo chomhgleacaithe san Údarás as a gcuid ama agus as a dtiomantas. I gcaitheamh 2015, rinne an leas a bhain lena gcúlraí agus lena scileanna éagsúla cion tairbhe suntasach agus iomchuí a chinntíú le linn ár bpléití ar fad.

Ar deireadh, is mian liom m'ómós a léiriú don iar-Aire lompair, Turasóireachta agus Spóirt, Paschal Donohoe agus don iar-Aire Stáit sa Roinn, Michael Ring, as an tacafocth láidir a thug siad araon d'earnáil na turasóireachta le linn 2015. Rinne an rialtas an ráta laghdaithe CBL agus an ráta 0% ar Cháin Aerthailistil a choinneáil gan athrú in 2015, in ainneoin na hélimh a rinneadh ar acmhainní an rialtais: dhá chinneadh beartais a chuir go mór le fás na hearnála agus a chuireann taca faoi bhuntáiste iomaioch na hearnála sna margáid idirnáisiúnta ar bhonn leanúnach. Tá Fáilte Éireann ag súil go mór comhoibriú ar an mbealach céanna leis an Aire Shane Ross agus leis an Aire Stáit Patrick O'Donovan, chun a chinntíú go mbeidh an timpeallacht is fearr is féidir ag an earnáil chun bláthú ann sna blianta amach romhainn.

A handwritten signature in black ink, appearing to read "Michael Cawley". It is written in a cursive style with a long, sweeping flourish at the end.

Michael Cawley - Cathaoirleach

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Mar bhunchloch arbh as a d'eascair formhór mór d'iarrachtaí Fáilte Éireann in 2015, bhí ár straitéis i dtaobh brandáí taithí a chur ar fáil a bhí in acmhainn fás i lón na gcuairteoirí idirnáisiúnta a dhaingniú agus éascú a dhéanamh ar an 'd'íbhinn turasóireachta' a roinnt agus a scaipeadh ar fud na tíre ar bhonn séasúrach agus réigiúnach. Léirítear trínár dtaighde gurb é sin an cur chuige is oiriúnaí inar féidir mealltacht na hÉireann a leathnú mar cheann scribe do chuairteoirí.



Shaun Quinn
An Phríomhfheidhmeannach

Rinne feidhmíocht láidir na hearnála turasóireachta in 2015 léiriú arís ar chumas na bhfiontar turasóireachta úsáid rathúil a bhaint as tosca seachtracha ar mhaithle le fás san earnáil a chur chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí a rinneadh i dtairiscint na turasóireachta le gairid. Bhí an fás leanúnach ar lón na seirbhísí aerthaistil agus an ráta malaire fabhrach ina dtosca tábhachtacha a rinne fás san earnáil a éascú le linn 2015. Bhí an fhorbairt bhreise a rinneamar ar ár mbailiúchán brandáí (e.g. Slí an Atlantaigh Fhiáin) agus ionchorprú na mbrandáí sin i straitéis fáis na bhfiontar turasóireachta chomh tábhachtach céanna.

Bliain le fás leanúnach

Bhí dhíol suntais iad na príomhtháscairí feidhmíocha do shéasúr 2015. Measadh gur €6 billiún a caitheadh in earnáil na turasóireachta ina ionmláine (Thar Lear agus sa Bhaile), ardú 13% i gcomparáid le 2014, inar tuairisciódh fás i lón na gcuairteanna ó thar lear agus i lón na gcuairteanna a rinne muintir na tíre araon. Ar an ionlán, bhaligh an Stáitcheiste tuairim is €1.8 billiún trí fháltais ó cháin.

Measadh gur thug tuairim is 8 milliún duine ó thar lear cuairt ar Éirinn le linn na bliana, ardú 13% ar an mbliaín roimhe sin. Tháinig tuairim is 19% fás ar Chaiteachas Thar Lear, suas go €4.3 bhilliún. Sa mhargadh intíre, measadh ag 9.1 milliún an lón cuairteanna a rinne muintir na hÉireann, ardú 1% ar 2014, le fás 6% ar an ioncam sin a sheasannanois ag €1.7 billiún.

Léirigh na príomh-mhargáí ar fad ar fud na hÉireann an fás leanúnach ar lón na gcuairteoirí ó thar lear le linn 2015. Tháinig ardú 13% ar lón na gcuairteoirí ó Mheiriceá Thuaidh; fás san earnáil sin don chúigiú bliain as a chéile. Go deimhin, léirigh feidhmíocht 2015 na figíúirí ab airde fós sa mhargadh áirithe sin, leis an 1.3 milliún duine as Meiriceá Thuaidh a thug cuairt ar Éirinn le linn 2015.

Tháinig 2.9 milliún cuairteoir ó Mhór-roinn na hEorpa chun na tíre, ardú 16%, go hard os cionn na leibhéal ab airde a baineadh amach roimh an ngéarchéim in 2008. Maidir leis an mBreatain, an margadh is mó atá againn - a sheasann do 42% den lón turasóirí ó thar lear ar fad a thagann chun na tíre seo, tuairisciódh fás 11% ar an margadh sin le linn 2015 - léiriú ar an téarnamh a tháinig ar chúrsaí le linn 2014.

Thug an feidhmíocht fheabhsaithe in earnáil chóiríochta na turasóireachta léargas dúinn ar an bhfás a tháinig ar na príomh-mhargáí thar lear ar

fad in 2015. Thuairiscigh ceathrar as cúigear (82%) de sholáthraithe cóiríochta a fhraigheann íocaíocht as a gcuid seirbhísí, ardú ar lón na gcuairteoirí ó thar lear in 2015, le 14% díobh ag tuairisciú na leibhéal céanna a bhí ann in 2014. Rinne na margáí thar lear agus na margáí intíre an fheidhmíocht dhearfach sin a léiriú in 2015. Ba mhó an lón cuairteoirí ó thar lear a fuair formhór mór na ngnóthaí (79%) in 2015 ná mar a bhí amhlaidh in 2014, agus rinne cion díobh sin (72%), ardú ar lón na gcuairteoirí ón margadh intíre a thuairisciú chomh maith.

Tháinig ardú ar lón na gcuairteoirí sna trí phríomhhearnáil chóiríochta, leis an earnáil óstáin ag tuairisciú feidhmíocht mhaith 84% de na hóstáin ag tuairisciú ardú ar lón na gcuairteoirí in 2015, leis na tithe aíochta (78%) agus na tithe Leaba is Bricfeasta (69%) ar an bhfocal céanna.

D'éirigh go maith leis na nithe is díol spéise do thurasóirí le linn 2015, le hionann is trí cheathrú d'oibreoirí (73%) ag tuairisciú ardú ar lón na gcuairteoirí.

Ó na tortaí a fuarthas ó bhialanna atá lonnaithe sna ceantair ina bhfuil tarraingt mhaith ag turasóirí orthu, léiríodh go dtáinig biseach maith ar an earnáil ó thaobh cúrsáí trádála turasóireachta de. Thuairiscigh triúr as ceathrar (60%) ardú ar lón na gcuairteoirí in 2015 ná mar a bhí sa bhliain roimhe sin. Mar a bhí amhlaidh leis na hearnálacha eile, thug an margadh thar lear spreagadh don earnáil trí chéile, le 57% de bhialanna ag tuairisciú ardú ar lón na gcuairteoirí ó thar lear isteach.

Rinne sé ghnó as deich feabhas ar bhrabúsacht a thuairisciú in 2015, tháinig ardú ar an uimhir sin go 86% i measc lucht óstáin. Tá ionann is seacht ghnó as deich (69%) ag súil le fás a fheiceáil i gcúrsaí láimhdeachais agus brabúsachta amach anseo. Le gnóthaí ag feidhmiú go maith agus dóchas le brath arís san earnáil, léirigh 64% de ghnóthaí le linn na bliana go raibh sé ar intinn acu cur le hinfeistíocht sna blianta beaga amach romhainn.

Straitéis Branda Rathúil

Mar bhunchloch arbh as a d'eascair formhór mór d'iarrachtaí Fáilte Éireann in 2015, bhí ár straitéis i dtaobh brandáí taithí a chur ar fáil a bhí in acmhainn fás i lón na gcuairteoirí idirnáisiúnta a dhaingniú agus éascú a dhéanamh ar an 'd'íbhinn turasóireachta' a roinnt agus a scaipeadh ar fud na tíre ar bhonn séasúrach agus réigiúnach. Léirítear trínár dtaighde gurb é sin an cur chuige is oiriúnaí inar féidir mealltacht na hÉireann



a leathnú mar cheann scríbe do chuairteoirí. Níl an príomhdhúshlán atá le sárú againn taobh le feasacht a ardú i leith na hÉireann i measc cuairteoirí ionchasaacha ach thairis sin, ní mór saoire thaitneamhach a thairiscint ar an scála agus ar an leagan amach cuí d'fheonn ugach a thabhairt do chuairteoirí ionchasaacha Éire a roghnú.

Ainneoin rathúlacht na straitéise sa mhargadh intíre, beidh gá le hinfheistíocht inbhuanaithe le cois a dhéanamh i bhforbairt mhargaóchta agus fheidhmíochta na straitéise brandáil taithí seo as seo go ceann roinnt séasúr.

Slí an Atlantaigh Fhiáin

Tá an dearcadh i leith Shlí an Atlantaigh Fhiáin thar a bheith dearfach i measc gnóthaí turasóireachta, pobail áitiúla, páirtithe leasmhara agus i measc an phobail i gcoitinne ar fud na tíre, agus tá an togra ina ghné shuntasach de straitéis Fáilte Éireann ó thaobh cúrsaí turasóireachta a forbairt ar fud chósta an larthair agus borradh a chur faoi ioncam agus faoi fhostaíochta na turasóireachta sna pobail áitiúla sin.

In 2015, rinneamar Clár Oibriúcháin Shlí an Atlantaigh Fhiáin a chur ar fáil agus a fhoilsíú d'fheonn straitéis,creat feidhmiúcháin agus clár oibre a leagan síos chun togra Shlí an Atlantaigh Fhiáin a chur i bhfeidhm go hinbhuanaithe le linn na tréimhse 2015-2019. Tá an Clár Oibriúcháin seo ar an gcéad cheann i sraith straitéisí ina ndéanfar fíos a leagan síos i dtaoibh na hoibre agus na leasuithe a dhéanfar ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin as seo go ceann blianta fada amach romhainn.

Cuireadh túis le brandáil agus le clár léirmhínithe Shlí an Atlantaigh Fhiáin le linn Ráithe 3 de 2015, agus bhíothas ag súil go ndéanfaí an obair sin a thabhairt chun críche in am do shéasúr na turasóireachta 2016. Mar chuid den tionscadal áiríodh na dealbha a dearadh mar phointí granghrafadóireachta ar feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin, agus a cuireadh suas ar mhaithle le cuairteoirí a spreagadh chun a ngrianghraif agus a n-ábhar digiteach, a bailíodh le linn a gcuairteanna ar na láithreacha sin, a roinnt lena chéile agus ar na meáin shóisialta. Chomh maith leis sin, rinneadh painéis léirmhínithe a chur suas ag na láithreacha sin, ar a bhfuil eolas maidir leis an gceantar agus nithe is díol spéise na háite curtha ar fáil do chuairteoirí: d'fheonn ugach a thabhairt do chuairteoirí seal níos faide a chaitheamh sna sráidbhailte agus sna pobail atá lonnaithe ar chósta thiart na tíre. Fuair trí thionscadal caipítil de chuid Shlí an Atlantaigh Fhiáin cúnamh deontais in 2015; ionad

Cuairteora Theach Solais Chionn Pháinada; Deirgimleach i gConamara (suíomh Stáisiún Raidió Marconi agus ceann scríbe Alcock & Brown) agus Ionad Cultúrtha Chonamara i Ros Muc, i gcroílár Ghaeltacht Chonamara. Táthar ag súil go ndéanfar na tionscadail sin a thabhairt chun críche in 2016, agus go gcuirfear le héagsúlacht taithí an chuairteora ar feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Rinneadh láithreán gréasáin trádála agus tomholtóra thiomanta Shlí an Atlantaigh Fhiáin (www.wildatlanticway.com), a sheoladh ag deireadh mhí an Mhárta 2015, in am do shéasúr na turasóireachta. Faoi dheireadh na bliana tugadh 500,000 cuairt ar an suíomh agus d'éirigh leis an suíomh dhá dhámhachtain ghradamacha a bhaint amach ag Ócáid Dámhachtain Golden Spider in 2015. Tháinig fás as cuimse ar líon úsáideoirí láithreán mheáin shóisialta Shlí an Atlantaigh Fhiáin, inar léiríodh fás láidir ar líon na n-úsáideoirí agus na leantóirí idirnáisiúnta.

Rinne Fáilte Éireann Slí an Atlantaigh Fhiáin a chur chun cinn ar feadh na bliana trí thuras a eagrú d'iriseoirí agus do ghníomhairí taistil ó thar lear, chomh maith le himeachtaí trádála a reáchtáil, amhail ár n-aonach trádála bliantúil Meitheal. Mar thoradh ar Chruinníú Mullaigh Domhanda maidir le Taisteal Eachtraíochta, a raibh an-rath air, rinne Fáilte Éireann ceardlann do Cheannaitheoirí Eachtraíochta agus Óige a óstáil i nGaillimh. Fuair os cionn 60 ceannaitheoir idirnáisiúnta taithí ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin trí shraith turas a reáchtáladh dóibh agus cuireadh clabhsúr leis na himeachtaí sin le ceardlann thar a bheith rathúil, inar ghlac 120 de pháirtithe trádála na hÉireann atá gníomhach ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin páirt ann.

Toisc go bhfuil an tionscnamh fós i dtús a shaoil, ní raibh an oiread sin eolais ag cuairteoirí idirnáisiúnta chun na hÉireann ar an mbranda roimh theacht dóibh, ach bhí siad tógha go mór leis an taithí a fuair siad. Dá réir sin, tugtar túis áiteanois don bhranda a chur chun cinn go hidirnáisiúnta i gcomhar le Turasóireacht Éireann, chun a chinntíú gur chun leasa agus tairbhe na turasóireachta san larthar agus sa thír trí chéile iad na hinfheistíochtaí a rinneadh go dtí seo.

Sean-Oirthear na hÉireann

I gcomhchráth lenár gcuid oibre i dtaca le branda Shlí an Atlantaigh Fhiáin a bhunú go buan, rinne Feidhmeannacht Fáilte Éireann i gcompháirtíocht le páirtithe leasmhara an tionscadail an branda nua Sean-Oirthear



na hÉireann a forbairt. De thoradh taighde tomhaltóra idirnáisiúnta a rinneadh roimhe sin agus an obair fhorbartha ar chúrsaí brandála a rinne Fáilte Éireann in 2014, rinneadh branda soiléir, tarraingteach a léiriú agus trí chomhoibriú le páirtithe trádála, forbraíodh bonn láidir, air a bhféadfaí an branda a sheoladh go hidirnáisiúnta.

Mar thoradh ar ár gcomhoibriú le páirtithe trádála, roghnaíodh cur chuige traidisiúnta scéalaíochta chun an branda a chur i láthair do chuaireoirí, chun go bhféadfaidh na cuaireoirí ceangal a dhéanamh leis na réigiún agus na ceantair a luaitear sa scéalaíocht agus ceangal a dhéanamh le cultúr, stair agus oidhreacht na hÉireann ar bhealach firéanta. Rinneadh ceardlanna a dhearadh agus a reáchtáil ar feadh na bliana chun tacú leis na gnóthaí turasóireachta atá lonnaithe in Sean-Oirthear na hÉireann, chun a scéal féin a forbairt ar bhealach tarraingteach, uathúil a dhéanfadh cuaireoirí idirnáisiúnta a mhealladh. Trí na forbairtí sin ar fad rinneadh creat scéalaíochta Do Shean-Oirthear na hÉireann a chruthú.

Rinneadh an branda a sheoladh do 400 ceannaitheoir taistil idirnáisiúnta in am do shéasúr turasóireachta 2016. Mar chuid den seoladh, rinneadh Sean-Oirthear na hÉireann a chur i láthair d'obreoíri thar lear a bhí i mbun a gcuid clár féin a phleanáil do 2016, agus tugadh léargas dóibh ar an togra roimh, le linn agus tar éis an imeachta trí thuras eolais agus cuir i láthair a reáchtáil. Seachas an t-imeacht ríthábhachtach sin, rinne Fáilte Éireann togra Sean-Oirthear na hÉireann a léiriú do 270 ionadaí de na meáin ó 14 thír éagsúla agus do 300 ceannaitheoir le cois le linn na bliana.

Rinneadh obair shuntasach ar straitéis dhigiteach agus mhargaíochta thogra Sean-Oirthear na hÉireann a forbairt in 2015, inar glacadh ar láimh le líon tionscadal chun scannán físe agus fomhánn a choimeád a dhéanfaí a úsáid i margainocht an bhranda.

Chun cuidiú le cuaireoirí dul i dtáithí ar ghníomhaíochtaí an bhranda, rinne Fáilte Éireann infheistiú i gclár nua comharthaíochta. Tá na comharthaí deartha chun cuidiú leis an gcuaireoir eolas a fháil ar an réimse leathan nithe is díol spéise atá lonnaithe i réigiún ar leith, cur le líon na dtionscnamh croisfiola ar fud an réigiún agus cuaireoirí a chumasú chun a mbealach féin a phleanáil agus a dhéanamh níos éasca. Fuarhas toradh an-dearfach i leith na comharthaíochta sa taighde a rinneadh i measc na dtomholtóirí idirnáisiúnta. Chomh maith le comharthaíocht an togra féin, rinneadh comharthaíocht teorann contae a forbairt chomh maith. Déanfar an dá chineál comharthaíochta a chur suas ina ionláine le linn 2016.





Rinne Fáilte Éireann an maioniú suntasach €2.3m a chur ar fáil faoina scéim 'New Ideas in Ancient Spaces' chun tacú leis an mbranda in 2015. Bhain cúig thionscadal fichead ar fud Sean-Oirtear na hÉireann tairbhe as an scéim, a bhí deartha chun cuidiú le gníomhaíochtaí agus le himeachtaí taitneamhacha a forbairt agus a bheidh oiriúnach do chuairteoirí agus a dhéanfaidh príomhghnéithe bhranda Sean-Oirtear na hÉireann a chur ar fáil.

Is léir go bhfuil ag éirí go maith leis an mbranda nua ó na táscairí luatha a fuaireamar ó thomholtóirí agus ó lucht trádála ar fud ár bpriomh-mhargáí, agus le hinfeistíocht inbhuanaithe táimid muiníneach go n-éireoidh leis an mbranda cúrsaí turasóireachta a athrú agus réigiún turasóireachta a dhéanamh de réigiún nach ndéanann cuairteoirí mórán fán iontu faoi láthair.

Athchóiriú Bhaile Átha Cliath

Tá Baile Átha Cliath ina chuid lárnach do thairiscint turasóireachta na hÉireann, a mheallann na cuairteoirí sin ar mian leo tréimhse a chaitheamh i gcathair bhríomhar, fhuinníúil nó iadsan ar mian leo blaiseadh a fháil de shaol na cathrach agus tuaithe araon. Tá dhá cheist le réiteach ag Baile Átha Cliath agus cúrsaí turasóireachta á bhforbairt: acmhainn chóiríochta agus íomhá na cathrach.

In Deireadh Fómhair, 2015, chomhoibrigh Fáilte Éireann lena páirtithe trádála ar dhá thionscnamh. Rinneadh measúnú neamhspleách a choimisiúnú ar na riachtanais chóiríochta a bheidh ann do chuairteoirí amach anseo, chun an infheistíocht a dhéanfar amach anseo a threorú agus aon bhacainní a bheidh ann a ainmniú. Tabharfar an measúnú chun críche in 2016.

In 2015 chomh maith, rinne Fáilte Éireann branda nua do Bhaile Átha Cliath a sheoladh: ('Dublin. A Breath of Fresh Air'), i gcomhar le feachtas margáiochta a bhí dirithe ar an gcathair a chur in oiriúint mar cheann scribe turasóireachta do mhargadh na Breataine Móire, na Gearmáine agus na Fraince, chomh maith le feachtas a bhunú do ghníomhaíochtaí a reáchtálfar lasmuigh i mBaile Átha Cliath.

D'eascair an branda as athbhreithniú sonrach a rinne an togra Grow Dublin Taskforce ar bhranda reatha Bhaile Átha Cliath, grúpa comhoibríoch na hEarnála Poiblí/ Príobháidí a bhunaigh Fáilte Éireann. Ghlac an togra Grow Dublin Tourism Alliance, a tháinig i gcomharba

ar an tascfhórsa, leis an bhfreagrácht i leith feidhmiú céimneach a dhéanamh ar an mbranda nua in 2015.

I gcomhthráth leis sin, lean Fáilte Éireann ar aghaidh lena gcuid oibre i dtaobh taithí an chuairteora ar Bhaile Átha Cliath a fheabhsú le linn 2015, inar dírfodh go dian ar 4 phríomhthéama: A City of Wit & Words; The Living Bay; Extraordinary Days & Happening Nights; agus Dublin Stories Hidden & Untold.

Mar chuid den tsraith: Dublin Stories Hidden & Untold, rinne Fáilte Éireann i gcompháirtíocht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, forbairt leanúnach ar an Dubline, slí threorach a théann trí chroílár na cathrach agus a dhéanann éascaíocht ar na bealaí atá ann na suíomhanna agus na nithe is díol spéise is spéisiúla sa chathair a bhaint amach. Rinne Fáilte Éireann aip shoghluaiste nua a sheoladh ina n-áirítear ceithre shlí siúil féin-treoraithe ina gceadaítear do chuairteoirí scéalta Bhaile Átha Cliath a fhiorsú agus a aimsiú. Thairis sin, cuireadh 12 phainéil nua eolais in airde ar feadh an Dubline, chun turas an chuairteora ina ionmláine a fheabhsú.

D'fhoinn taithí an chuairteora a fheabhsú thairis sin agus cur chun cinn an togra a fheabhsú i measc ghnólachtaí trádála Bhaile Átha Cliath, rinneadh dhá grúpa thionscláiocha a chruthú. Dublin's Northside Attractions: ina n-áirítear 11 ghnó a d'oibrigh le chéile chun slí nua a forbairt do Bhaile Átha Cliath agus an grúpa Adventure Dublin: ina n-áirítear 15 sholáthraí gníomhaíochta ón gcathair agus ón gcontae a dhéanann an réimse leathan gníomhaíochtaí lasmuigh atá ar fáil i mBaile Átha Cliath a chur chun cinn.

Thacaigh Fáilte Éireann go leanúnach le félte mhóra Bhaile Átha Cliath a forbairt, le linn an tseachshéasúir go mór mhór, mar bhealach chun líon ard cuairteoirí a mhealladh chun na cathrach. Tá an forbairt leanúnach atá á déanamh ar Fhéilire Fhléilte Bhaile Átha Cliath an-tábhachtach agus rinneadh félte rathúla a reáchtáil dá bharr amhail: Féile Bram Stoker, Féile na hAthbhliana agus Tradfest. Cuireadh roinnt imeachtaí nua in áirithe ar fhéilire fhéilte 2015, ina measc an Dublin Gallery Weekend.

Ó thaobh cúrsaí digiteacha de, d'éirigh le Fáilte Éireann an sprioc a bhí leagtha síos do 2015 a shárú, ina ndearna 2.2m duine cuairt a thabhairt ar VisitDublin.com, láithreán gréasáin tiomanta do Bhaile Átha Cliath. Tháinig fás as cuimse ar ár bpobail mheáin shóisialta



chomh maith, le hionann is 12m gníomhaíocht cláraithe ar fud na n-ardán sóisialta éagsúil ar fad.

Ar deireadh, bhí ár gclár gníomhaíochta tionscail ina dhlúthchuid dár straitéis agus d'oirbriugh Fáilte Éireann go dlúth le gnótháí aonair, grúpaí turasóireachta agus le grúpaí eile ag a bhfuil tionchar, ina n-áirítear tionscnaimh a dhéanann cultúr comhoibrithe níos fearr a chothú trí shraith imeachtaí líonraithe agus cruinnithe fainseise, a mheall os cionn 1,200 ball d'eagraíochtaí trádála Bhaile Átha Cliath.

Fearann an Locha

Le linn 2015, rinne Fáilte Éireann athbhreithniú straitéiseach a choimisiúnú ar réigiún Fhearann an Locha, le tacáiocht ó phríomhghrúpaí tionscail agus ó pháirtithe leasmhara, d'fhonn deis d'fhás inbhuanaithe a ainmniú, a bhaifidh an leas is fearr is féidir as an bhforbairt a dhéanfar ar an gceantar amach anseo. Tabharfar an obair chun críche in 2016, agus d'fhéadfadh athmheasúnú bunúsach ar an tairiscint turasóireachta a bheith mar thoradh air sin, agus ag brath ar mheasúnú margáiochta d'fhéadfadh go ndéanfaí forbairt bhereise i réimse na mbrandaí turasóireachta.

I gcomhthráth leis an athbhreithniú sin, cuireadh túis le dhá fheachtas margáiochta intíre le linn 2015 (samhradh agus fómhar), inar díródh ar theaghlaigh agus ar thaistealaithe óga; mar thoradh, bhí gnótháí ar leith ag tuairisciú fás ar líon na gcuairteoirí i gcaitheamh na bliana. Reáchtáladh roinnt tionscnamh idirnáisiúnta, ina ndearnadh slatiascaireacht sa réigiún a chur chun cinn, rinneadh tagairt don tionscnamh ar Sky Sports agus cuireadh áit in áirithe do rannpháirtithe an togra ag na gcomórtas slatiascaireachta idirnáisiúnta 'World Pairs' sa Ríocht Aontaithe.

Cuireadh réimse nua ábhar margáiochta nuashonraithe don cheantar ar fáil in 2015, a dáileadh ar chuairteoirí trí Lónra na hOifige Eolais do Thurasóirí, agus rinneadh an aip nua 'Lakelands Treasure' a phorbairt agus a sheoladh chomh maith in 2015, inar cuireadh eolas do chuairteoirí ar fáil i dtaoibh cóiríochta, soláthraithe bia agus eolas maidir le os cionn 30 de na nithe is díol spéise sa cheantar.

Fás as Cuimse i dTurasóireacht Ghnó agus Imeachtaí

Tá an Turasóireacht Ghnó agus Imeachtaí ina dhlúthchuid thábhachtach do thionscal na turasóireachta ina ionláine, le tortaí atá go láidir os cionn an rméain,

ina n-áirítear cuairteoirí le linn an tseachshéasúr agus fás réigiúnach san earnáil. Le linn 2015, bhí tionchar suntasach ag foireann Imeachtaí agus Ghnó Fáilte Éireann ar chúrsaí turasóireachta gnó, ina ndearna an foireann líon suntasach comhdhálacha idirnáisiúnta a dhearbhú d'Éirinn, chomh maith leis na tuairiscí nua a aimsíodh maidir le gnótháí a bhunófar amach anseo.

Le linn na bliana, d'éirigh go rathúil le Fáilte Éireann os cionn 500 tuairisc maidir le gnó turasóireachta idirnáisiúnta a ainmniú agus a aimsiú, ina ndearnadh luach €128m i gcomhdhálacha a dhearbhú d'Éirinn, as seo go ceann 5 bliana.

Bhí an-chuid beartaithe ó thaobh na turasóireachta gnó (tairiscintí sa tsíul) freisin ag deireadh na bliana 2015, agus comhdhálacha idirnáisiúnta go dtí an bhliain 2024 ann a bhféadfadh deis a bheith ag Éirinn iad a bhuanach agus arb fhiú €750m iad.

Le linn na bliana, rinne Fáilte Éireann i gcomhar le Turasóireacht Éireann, 38 bpriomhimeacht a eagrú ar bhonn domhanda chun tacú le gnótháí na hÉireann bualadh le ceannaitheoirí MICE (cruinnithe, dreasachtaí, comhdhálacha agus imeachtaí) ó thar lear.

Le linn 2015, rinneadh an feachtas thar a bheith rathúil 'Meet in Ireland 2015' a chur i gcrích, le 111 de na pleánálaithe cruinnithe idirnáisiúnta is cumasaí, a thríall ar Éirinn chun taithí a fháil ar ár dtáirge gnó turasóireachta. Le linn na gcúig lá a chaith siad in Éirinn (inar áiríodh cuairteanna ar shuíomhanna i mBaile Átha Cliath agus ar feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin), ghlac na ceannaitheoirí ó thar lear páirt sa chruinniú corporáide idirnáisiúnta agus sa cheardlann dreasachta ba mhó riámh a reáchtáladh in Éirinn. Bhí tuairim is 100 de sholáthraithe turasóireachta gnó na hÉireann páirteach sa cheardlann leis na ceannaitheoirí, inar áiríodh óstáin mhóra na tíre, ionaid agus comhlacthaí bainistíochta ceann scríbe. Ar deireadh, léirigh 90% de na ceannaitheoirí idirnáisiúnta (i suirbhé a dearndadh roimh imeacht dóibh) go mbeidís sásta a gcuid cruinnithe féin a reáchtáil in Éirinn le linn na chéad dá bhliain amach romhainn.

Chomh maith leis sin, d'eagraigh agus thacaigh ár bhfoireann gnó & imeachtaí le 145 suíomh a scrúdú do chliaint a raibh sé ar intinn acu Éire a roghnú d'imeacht idirnáisiúnta ar leith, le ráta tionsaithe 80%.



Bhí bliain mhaith ag an bhfoireann Event Ireland chomh maith; bunaíodh Event Ireland in 2014 chun tairiscintí a dhéanamh ar imeachtaí idirnáisiúnta, inar éirigh leo ráthaíocht a fháil i leith naoi n-imeacht móra idirnáisiúnta a reáchtálfar in Éirinn as seo go ceann roinnt blianta, inar áiríodh Craobhchomórtas Chrosógaíocht an Domhain faoi 19, Craobhchomórtas JKA Karate na hEorpa, an Venture Cup agus Craobhchomórtas Bhoghdóireacht Faiche an Domhain. Rinne foireann Event Ireland urraíocht thábhachtach a chur ar fáil don Boston College Classic chomh maith, ina mbeidh Boston College i gcomórtas le Georgia Tech, a reáchtálfar i Meán Fómhair 2016. Ina ionmláine, bhí foireann Event Ireland freagach as 90,000 oíche a chur san áireamh d'earnáil chóiríochta turasóireachta na téire, ar luach tuairim is €11m.

An Margadh Intíre

Thacaíomar le Discover Ireland agus leis an bhfeachtas #thisisliving, a chur chun cinn arís i mbliana, trínár bhfeachtas mhargaíochta intíre a reáchtáladh ar feadh na bliana. Leithdháileadh €2.9m ar an mbuiséad ina ionmláine in 2015.

Dhírigh an feachtas ar na hionchais ab fhéarr sa mhargadh intíre, roghnaíodh trí réimse ar leith a bhain leis an lucht féachana a bhí faoi chaibidil agus úsáideadh an raidió, na meáin, léiriúchán ar líne agus compháirtíochtaí chomh maith le huirlísí na meán sóisialta chun Éire a chur chun cinn. Tháinig ardú 5% ar na cuairteanna a tugadh ar DiscoverIreland.ie bliain i ndiaidh bliana, agus tháinig ardú le cois 66% ar lucht leanúna leathanach Facebook na heagraíochta.

Chomh maith leis sin, rinneadh Slí an Atlantaigh Fhiáin a chur chun cinn sa mhargadh intíre trí fheachtas pictiúrlainne a eagraíodh san Earrach, agus ina dhiaidh sin, trí fheachtas digiteach a reáchtáladh i nDeireadh Fómhair, 2015. Rinneadh deiseanna poiblíochta nuálacha a aimsiú chomh maith, inar áiríodh compháirtíochta le Ryan Tubridy agus le 2FM, ina ndearnadh turas a tógadh ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin a chraoladh ar an stáisiún ar feadh seachtaire.

An Tionscnamh Tacaíochta

Ar cheann de na gnéithe is tábhactaí a bhaineann leis an tseirbhís a dhéanaimid a thairiscint, tá na tacáiochtaí atá deartha go speisialta do gnóthaí chun a chinntí go mbeidh ar chumas fiontaí thurasóireachta tairbhe a bhaint as na deiseanna a dhéanann ár mbrandaí gnó agus caithimh aimsire a thairiscint. In 2015, rinne

Fáilte Éireann réimse éagsúil tacaíochtaí a chur ar fáil do ghnóthaí turasóireachta ar fud na téire. Bhí formhór mór na dtacaíochtaí dírithe go príomha ar chumas díolachán, digiteach agus margáíochta na n-oibreoirí turasóireachta a fheabhsú, go mór mhór i gcomhthéacs a gcion den mhargadh idirnáisiúnta a fhás. Cuireadh tacaíochtaí meantóireachta ar fáil go díreach do ghnóthaí agus rinneadh réimse tacaíochtaí oiliúna (ar líne agus duine ar dhuine) a bhain le cursaí digiteacha agus díolacháin a chur ar fáil d'os cionn 24,005 fostáí turasóireachta.

D'fhreastail tuairim is 171 ghnó ar ár gCeardlanna Ioncaim agus Leithdháilte in 2015. Chláraig 24.005 duine lenár seimineáir gréasáin agus lenár bpodchraoltaí díolachán agus digiteacha. Chomh maith leis sin, d'fhreastail 1,450 oibreoir ar cheardlanna foirmiúla maidir le hábhair dhigiteacha agus díolachán.

Rinne Fáilte Éireann deiseanna trádála a chur ar fáil le ceannaitheoirí ó thar lear chomh maith, inar ghlac 240 gnó as Éirinn páirt i ngníomhaíochtaí díolacháin margáíochta ag 40 imeacht éagsúil sna Stáit Aontaithe, sa Ghearmáin, sa Bhreatain Mhór, san Ísiltír, sa Fhrainc, i gCeanada, sa Spáinn, sna Margaí Forbartha agus san Iodáil.

Rinneadh ardáin díolachán agus ceardlanna a chur ar fáil in Éirinn chomh maith, ina ndearnadh deiseanna díolachán a chur ar fáil trí 20,420 coinne aonair a eagrú do 893 bhall Tionscal na hÉireann.

Trínár gclár Poiblíochta Idirnáisiúnta, rinneadh cursaí taistil a dhearadh, a óstáil agus a bhainistiú do 1,271 bhall de na meáin as 20 margadh ar leith, i gcomhar le Turasóireachta Éireann. Dhírigh na cursaí taistil ar á mbrandaí turasóireachta: Slí an Atlantaigh Fhiáin, Sean-Oirtear na hÉireann agus ar Bhaile Átha Cliath, chomh maith le diríú ar chúrsaí bhia na hÉireann.

Leis an taighde agus an obair bheartais a rinneamar in 2015, áiríodh an rianaire branda a tugadh isteach, ina ndírítear ar thrí bhranda turasóireachta na hÉireann: Baile Átha Cliath, Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Sean-Oirtear na hÉireann. Le haidhmeanna an staidéir áiríodh tuiscintní b'fhearr ar mhealltacht na mbrandaí agus an tábhacht a bhain leis an bpobal a chur ar an eolas ina dtaobh.

Chomh maith leis sin, tugadh réimse suirbhéanna agus tionscadal léargas chun críche le linn na bliana, chun cuidiú le cuntas a choinneáil ar fheidhmíocht an



tionscail agus ar cé chomh sásta a bhí na cuairteoirí leis na tréimhsí a chaith siad in Éirinn. Eagraíodh agallaimh duine ar dhuine le 7,000 cuairteoir ó thar lear roimh fágáil dóibh, an tionscadal ba mhó a d'eagraíomar go dtí sin. Ó thaobh cursaí trádála de, rinneamar suirbhéanna cóirfocha áitíochta agus táscairí feidhmíochta séasúracha ar bhonn míosúil.

In 2015, lean Fáilte Éireann ar aghaidh ag infheistíú i mbonneagar turasóireachta, inar leithdháileadh €6.6m maoiniú deontais caipítel ar 31 thionscadal. Inar infheistíodh €2.5m sa Ulysses Centre, i dTeach Newman ar Fhaiche Stiabhma, ionad nua liteartha do chuaireoirí, chomh maith leis an €750,000 a deonaíodh ar Ionad Cultúrtha Chonamara trí Údarás na Gaeltachta. Chomh maith leis sin, leithdháileadh tuairim is €2.2m ar 25 thionscadal de chuid Sean-Oirthean na hÉireann tríd an Scéim Deontas Beag. Leithdháileadh os cionn €1m ar ceithre thionscadal eile: Cionn Mhálanna, Ionad Seirbhísí Gníomhaíochta na Mala Raithní, Ionad Mara agus Sráidbháile Tréigthe Acla agus Teach Solais Fhánada.

Tugadh faomhadh do dheontais dar luach €2.7m le 31 fhéile mhóra faoi Chlár Imeachtaí Rannpháirtíocha agus Fhéilte Náisiúnta Fáilte Éireann in 2015. Mar a bhí amhlaidh sna blianta atá caite, bronnadh €1 milliún ar Fhéile Mhór Naomh Pádraig, an deontas is mó a bronnadh ar aon fhéile riamh roimhe sin ná ó shin. Leanamar lenár gcuid oibre i dtaca le dhá fhéile nua a chur ar a gcosa agus a fhás: Féile na hAthbhliana i mBaile Átha Cliath agus Féile Bram Stoker, agus leas á bhaint as a gcumas cuairteoirí a mhealladh le linn na tréimhsí seachséasúir.

Seachas na himeachtaí mórscaíla amháin, thug Fáilte Éireann tacaíocht airgeadais do 188 bhfáile réigiúnach trí dheontas €569,000. Ag tógáil ar 2013, bliain an Tóstail, lean Fáilte Éireann ar aghaidh lena compháirtíocht le IPB Insurance, inar cuireadh maoiniú €1m ar fáil chun tacú le hoidhreacht an Tóstail trí thacaíocht a thairiscint do 350 féile agus imeacht pobalbhunaithe.

Ar deireadh, d'infheistigh Fáilte Éireann €3.8m in oideachas turasóireachta, oliúint agus i dtaighde fheidhmithe in 2016, trí na hInstitiúid Teicneolaíochta, na Boird Oideachais agus Oiliúna agus trí na Scoileanna Cócaireachta, inar éirigh le 1,561 mac léinn agus le 650 céimí maoiniú a fháil le linn na bliana.

Conclúid

Ag druidim le deireadh bliana a raibh an-rath uirthi ó thaobh na turasóireachta di, ba mhór an cathú é buíochas a ghlacadh linn féin, seasamh siar agus scíth a thógáil, leis an tsúil go mbeidh an bhliain seo chugainn chomh tairbhiúil céanna. Tá turasóireacht na hÉireann áfach, fós ag brath go mór ar imeachtaí seachtracha. Féadfaidh luaineachtaí sna margáil airgeadra agus eachtraí idirnáisiúnta tionchair mhóra gan aon tsúil leo a imirt ar chúrsaí taistil an domhain agus cursaí a athrú ar iompú do bhoise.

Ar an gcúis sin, tá se riachtanach go ndéanaimid na tosca sin atá ar ár gcumas a rialú, a bhainistíú go leanúnach. Le béim ar iomaíochas, ar imeachtaí spleodracha agus spéisiúla a chur ar fáil do chuaireoirí agus ar bhealaí atá níos fearr chun dul i gcion ar an margadh ar líne. Leanfaidh Fáilte Éireann ag comhoibriú lenár bpáirtithe go leor eile san earnáil chun a chinntíú go mbeidh fás marthanach agus síoraí ar fud na tire agus ar feadh na bliana.

Ar thaobh pearsanta de, is é seo mo Thuarascáil Bhliantúil deiridh mar Phríomhfeidhmeannach ar Fáilte Éireann, toisc go bhfuil sé ar intinn agam éirí as ag deireadh na bliana 2016. Ó ghlac mé leis na ról seo in 2003, is iomáí sin suas agus anuas atá feicthe ag earnáil na turasóireachta, ó laethanta móra an Tíogair Cheiltigh go dtí an ghéarchéim is tubaistí i gcuimhne na ndaoine, agus an téarnamh a tháinig go mall, réidh ina dhiaidh sin.

I gcaitheamh an ama sin, tá athruithe móra déanta ar struchtúr agus ar leagan amach eagraíocht Fáilte Éireann. Bhí gá leis na hathruithe sin chun a chinntíú go raibh an eagraíocht in acmhainn dul i ngleic le riachtanais athraitheacha chliaint an tionscail. Tugtar léargas dúinn ar an gcultúr atá anois i réim i bhFáilte Éireann trí chumas na heagraíochta dul i dtaithí ar chúinsí athraitheacha gan mórán stró. Sa chomhthéacs sin, ba mhian liom aitheantas foirmiúil a thabhairt do thiomantas, ghairmiúlacht agus do sholúbthacht mo chomhghleacaithe i bhFáilte Éireann le linn an ama sin.

Shaun Quinn - An Phríomhfeidhmeannagh

Turasóireacht 2015

An Bhliain i

- Tháinig os cionn 8m cuairteoir chun na hÉireann in 2015, a léiríonn fás 13%
- Tháinig fás tuairim is 19% go €4.3bn ar thuillimh eachtracha, ardú ionann is €670m.
- Measadh ag 9.1 milliún an líon turas a thóg muintir na hÉireann.
- Tháinig ardú 1% go €1.7bn ar chaiteachas mhuintir na hÉireann in Éirinn.
- Measadh go raibh 139,900 duine fostaithe sna hearnálacha cóiríochta agus seirbhísí bia in 2015, léirigh meastacháin Fáilte Éireann agus an

7.1% a bhí fostaithe ina ionmláine go raibh 205,000 duine fostaithe san earnáil turasóireachta ina hiomláine le linn na bliana (nuair a tógadh comhdhálacha, nithe is díol spéise agus féilte san áireamh).

- Tugadh faomhadh i leith deontas do 31 fhéile mhóra faoin gClár Imeachtaí Rannpháirtíochta agus Féilte Náisiúnta in 2015, le buiséad €2.7m.
- Chomh maith leis sin, thug Fáilte Éireann tacaíocht airgeadais do 188 bhféile réigiúnacha dar luach €569,000.



bhFigíúirí

- Lean Fáilte Éireann lena hinfheistíocht imbonneagar turasóireachta le os cionn €6.5m maoiniú caipitil in 2015, inar áiríodh na tionscadail in Sean-Oirthear na hÉireann.
- D'aithin agus ghní aonad turasóireachta gnó Fáilte Éireann breis is 500 deis gnó idirnáisiúnta a bhféadfadh sé gur fiú suas le €128m iad don gheilleagar.
- In 2015, rinne Fáilte Éireann 24,005 thacaíocht ghnó agus ionchur oiliúna a chur ar fáil do 17,163 ghnó, a bhí deartha chun a n-acmhainn díolachán agus dhigiteach a fheabhsú. Chomh maith leis sin, bhain 6,842 fhostaí

turasóireachta tairbhe as réimse clár Bainistíochta agus Forbartha Scileanna trínár rannán Caighdeán agus Fáilteachais.

- Thug Fáilte Éireann faoi chomhpháirtíocht le IPB Insurance inar chuir an dá dhream maoiniú €1 milliún an ceann ar fáil agus lenar tacaíodh le 685 imeacht de chuid An Tionól.



Ráiteas Corparáideach

Don bliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

Rialachas Corparáideach

Tacaíonn agus aontaíonn Fáilte Éireann leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde agus déanann an eagraíocht na prionsabail infheidhmithe agus na treoirlínte a mhínítear sa Chód Cleachtas maidir le Rialachas Comhlacthaí Stáit a chomhlíonadh.

Comhionannas

Is fostóir comhdheiseanna í Fáilte Éireann. Déanann an eagraíocht an reachtaíocht iomchuí chomhionannais ar fad a chur i bhfeidhm.

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Rinneadh leas fostaithe agus oiliúnaithe na heagraíochta a chosaint trí na caighdeáin sábháilteachta agus sláinte a chomhlíonadh go beacht. Tá an túdarás sásta go gcomhlíonann na eagraíocht forálacha an Acharta um Shábháilteacht Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Saoráil Faisnéise

Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, fuair Fáilte Éireann 21 iarratas faoi reachtaíocht Saorála Faisnéise.

Gníomhaíocht Oiliúna 2014 agus 2015

Don bliain dar chríoch 31 Nollaig 2015

	2014	2015
Na Cláir Tionscail-bhunaithe (Tacaíochtaí Gnó / Fáilteachais & Caighdeán)	16,931	24,005
Na Cláir Coláiste-bhunaithe	1,373	1,355
An Móriomlán	<hr/> 18,304	<hr/> 25,360

Na Comhaltaí Údaráis 2015



Michael Cawley
Chairman



Gerard Barron



Susan Bergin



Francis Brennan



Jim Deegan



Gina Murphy*



Brigid Halligan-Neville



Noel Kavanagh*



Mary Kerins



Mary Rose Stafford



Frankie Sheahan*



Ciáran O Gaora*



Margaret Ryan


Tinreamh na gComhaltaí ag Cruinnithe Údaráis in 2015

Reáchtáil an tÚdarás sé chruinniú le linn 2015.

Comhalta	Líon na gCruinnithe a ndearnadh freastal orthu	Comhalta	Líon na gCruinnithe a ndearnadh freastal orthu
Michael Cawley (Chair)	6	Mary Kerins	4
Gerard Barron	6	Gina Murphy*	6
Susan Bergin	6	Ciarán Ó'Gaora*	4
Francis Brennan	6	Margaret Ryan	6
Jim Deegan	6	Frankie Sheahan*	5
Brigid Halligan-Neville	5	Mary Rose Stafford	4
Noel Kavanagh*	5		
Noel Kavanagh*	Athcheaptha sa Bhealtaine	Ciaran O'Gaora*	Athcheaptha sa Bhealtaine
Gina Murphy*	Athcheaptha sa Bhealtaine	Frankie Sheahan*	Athcheaptha sa Bhealtaine

Struchtúr na Roinne

Nollaig 2015



Na hUimhreacha Turasóireachta 2012 - 2015

Uimhreacha (000s) (loncam €mn)	2012	2013 ¹	2014	2015	% change 15 vs 14
An Bhreatain	2,722	2,870	3,007	3,346	+11
	857.9	890.9	926.7	1,017.9	+10
Mór-roinn na hEorpa	2,247	2,346	2,490	2,880	+16
	1,060.5	1,228.2	1,301.2	1,555.3	+20
Meiriceá Thuaidh	940	1,039	1,146	1,294	+13
	745.7	829.0	940.3	1,199.7	+28
An chuid eile den Domhan	378	431	462	516	+12
	291.6	367.7	428.1	492.6	+15
Iomlán Thar Lear	6,286	6,686	7,105	8,036	+13
	2,955.8	3,315.7	3,596.4	4,265.3	+19
Tuaisceart Éireann ²	1,299	1,572	1,708	1,492	-13
	292.3	304.5	334.4	351.2	+5
Fáltais Iompróra ³	856.0	976.0	1,166.0	1,322.0	+13
Cuairteanna same-lá Thar Lear	34.0	35.0	41.0	38.0	+/-7
 TUILLIMH AIRGEADRA EACHTRACH IOMLÁN	 4,138.1	 4,631.3	 5,137.7	 5,976.5	 +16
Turais Intíre ⁴	8,291	8,413	8,991	9,125	+1
Turais Intíre	1,514.2	1,533.0	1,713.5	1,725.3	+1
 IONCAM TURASÓIREACHTA IOMLÁN	 5,652.3	 6,164.3	 6,851.2	 7,701.8	 +12

¹ Leasú Mártá 2014

² Leasú leis an NISRA Bealtaine 2015, Rátaí airgeadra Euro 2011 – 0.86788, 2012 – 0.81087 Foinse: Banc Ceannais na hÉireann

³ Fáltais Iompróra 2012 leasaithe Mártá 2014 - 2013 leasaithe Mártá 2015

⁴ Sonraí intíre 2012-2015 leasaithe leis an CSO in 2016

Ráiteas Éifeachtúlachta Fuinnimh

Forléargas ar Úsáid Fuinnimh in 2015

Ag deireadh mhí na Nollag, 2015, bhí 330 ball foirne agus 50 struchtúr maoine faoi chúram Fáilte Éireann: ina n-áirítéar 7 bhfoigneamh atá os cionn 500m² (is struchtúr liostaithe/atá faoi chosaint 3 cinn díobh, tá 11 d'fhoirgnimh Fáilte Éireann ina n-iomláine áirithe ina n-áitribh liostaithe). Mar thoradh, le héileamh fuinnimh na heagraíochta áirítéar soláthar a chur ar fáil do 9 n-oifig riarrachán (ina n-áirítéar an Cheanncheathrú i mBaile Átha Cliath), 32 Oifig Eolais do Thurasóirí (TIO), 4 Mhúsaem agus 5 fhoigneamh eile.

Mar a tuairiscíodh in 2016, trí chóras Tuairiscithe & Monatóireachta fuinnimh (M&R), Chumann Fhuinneamh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI), rinne Fáilte Éireann 2,306.19 MWh fuinnimh a ídiú in 2015, ina raibh:

- 1,705.34 MWh leictreachas
- 600.84 MWh breosláí iontase;
- 471.83 MWh gás nádúrtha
- 14.71 MWh LPG
- 114.31 MWh ceirisín.

Rinne Fáilte Éireann tuairisc i leith an 2,794.89 MWh fuinnimh a úsáideadh do 2014 ar an gcóras SEAI M&R; léiríonn úsáid 2015 laghdú 17.49% ina iomláine ar úsáid fhuinneamh na heagraíochta ó 2014 go 2015, a mhiondealaitear mar a leanas:

- 370.54 MWh níos lú leictreachas úsáidte, laghdú 17.8% ar úsáid leictreachas 2014, (ina léirítéar 75.8% den laghdú fuinnimh ina iomláine ó 2014 go 2015).
- Laghdú 118.16 MWh sna breosláí iontase a úsáideadh (a léiríonn 24.18% den laghdú fuinnimh ina iomláine), nó laghdú 16.4% ar na breosláí iontase a úsáideadh in 2014, ina gcuimsítear:
 - Laghdú 111.59 ar úsáid gháis nádúrtha, a léiríonn sábháil 18.65% ar an méid gáis a úsáideadh in 2014
 - Ardú 8.56 MWh ar úsáid gháis peitriliam leachtaithe ag Túr Yeats sa Ghort. Tá an t-ardú 139% sin ar úsáid na bliana 2014 mar thoradh ar

athoscailt an Túir in 2015, a rinne grúpa oibrithe deonacha áitiúla a eagrú do Chomóradh 150 bliain ar shaol Yeats. Is foigneamh Gael-Normannach ón 15ú haois is ea an túr

- Ardú 9.65 MWh ar úsáid Cheirisín, a léiríonn ardú 9.2% ar 2014 de bharr sheandéanamh an dá fhoigneamh atá téite le Ceirisín
 - Laghdú 16.22 MWh ar úsáid ola gáis, sábháil 100% ar 2014.
-
- Chomh maith leis na tairbhí comhshaoil a ghabhann leis na 488.70 MWh fuinnimh a sábháladh ó 2014 go 2015, d'éirigh le Fáilte Éireann €65,558 (gan CBL a áireamh) a shábháil ar a sonraisc fuinnimh in 2015, a léiríonn 18% de bhuséad solas/teas/cumhacht na heagraíochta ina iomláine.

Na Gníomhaíochtaí a rinneadh in 2015

Tá Fáilte Éireann ar an eolas i dtaobh an sprioc 33% sábháil fuinnimh faoi 2020 atá leagtha síos ag an AE, agus déanfaidh an eagraíocht a dícheall cuidiú leis an ríaltas an sprioc sin a chomhlíonadh. In 2009, an bhliain a úsáideadh mar bhonn-tomhas, rinne Fáilte Éireann 7,341 MWh Riachtanas Fuinnimh Príomha Iomláine (TPER) a thuairisciú; in 2015, bhí an TPER laghdaithe go 4,480.5 MWh, a léiríonn laghdú 38.9% ar an bhfuinnimh a ídiodh ó 2009 i leith. Tá ardú 27.4% tagtha ar an tsábháil a baineadh amach ó 2009 go 2014, ina bhfuil an laghdú 11.5% ar úsáid fuinnimh mar chúis leis an tsábháil a rinneadh in 2015. Is féidir na sábhála sin den chuid is mó a leagan ar na tionscnaimh a leanas:

- D'aistrigh Fáilte Éireann go foignímh a bhí ní b'oiriúnaí agus ní b'éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de in dhá láthair in 2015: Ionad Visit Dublin agus Oifig Eolais do Thurasóirí (TIO) i Luimneach. Bhí na tionchair a leanas ag an aistriú ar úsáid fuinnimh:
- Ionad Visit Dublin: rinneadh an tlonad nua 'Visit Dublin' ar 25 Sráid Suffolk a oscail an 26 Eanáir 2015. Rinneadh an TIO a aistriú ó Eaglais San Aindrias ar Shráid Suffolk go haonad níos lú le leagan amach miondfola. D'úsáid Eaglais San Aindrias 402,514 KWh fuinnimh in 2014, eaglais liostaithe ar stíl ghotach

Ráiteas Éifeachtúlachta Fuinnimh

ón 19ú haois, le 992m² achar urláir: 173,223 kWh leictreachais agus 229,291 kWh gáis. D'úsáid an tlonad nua Visit Dublin 73,647 kWh leictreachais in 2015, sábháil 99,576 kWh leictreachais agus sábháil 229,291 kWh gáis sa bliaín.

- Oifig Eolais do Thurasóirí Luimnigh: i mí iúil 2015, d'aistríomar an TIO ó Ché Artúir (foirgneamh le Forbairt Shionainne le hachar urláir 258m²), chuir fhoirgneamh ní b'oíriúnaí i gcroílár na cathrach le hachar urláir 111m²; nach raibh ach 43% de mhéid na hoifige reatha. An dá fhoirgneamh i gcomparáid lena cheile: ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh 2015, d'úsáid an TIO ar Ché Artúir 20,345 kWh leictreachais, cé nár úsáideamar ach 9,218 kWh leictreachais sa TIO ar Shráid Uí Chonaill ó mhí lúil go mí na Nollag 2015; sin laghdú 55% ar an méid leictreachais a úsáideadh thar thréimhse 6 mhí. Nuair a chuireamar an % sábhála sin san áireamh thar thréimhse bliana, rinneamar tuairim is 22,254 kWh leictreachais a shábháil ar feadh na bliana.
- In 2015, chuir an fhoireann TFC deireadh le 9 bhfreastalaí trína bplean cuáchóirithe crua-earraí agus ceannaíodh 3 fhreastalaí le cur ina n-ionad. Táthar ag súil go ndéanfar 31,054 kWh leictreachais sa bliaín a shábháil de thoradh an chuáchóirithe sin.
- Lean an fhoireann TFC ar aghaidh lena gclár athnuachana crua-earraí in 2015, inar baineadh 25 ríomhaire glúine agus 20 ríomhaire pearsanta as úsáid. Ceannaíodh 41 ríomhaire in ionad na 41 ríomhaire ar cuireadh deireadh leo. Táthar ag súil go ndéanfar 9,756 kWh leictreachais sa bliaín a shábháil, bunaithe ar an 1,500 uair an chloig úsáide do ríomhairí glúine agus an 6,000 uair an chloig úsáide do ríomhairí pearsanta.
- I mí na Samhna, 2015, rinne Fáilte Éireann foirgneamh folamh 73m² a dhúnadh i gCnoc Mhuire, a d'ídigh 3,789 kWh leictreachais in 2015 agus 3,691 kWh in 2014.
- Ag deireadh mhí lúil, 2015, rinne Fáilte Éireann feistiú solais lasmuigh de dhéanamh 18 x 150W LED a chur in ionad an fheistithe de dhéanamh 18 x 440W SON. Meastar go ndéanfar tuairim is 21,402 kWh sa bliaín a shábháil, ag úsáid an fhigiúir 4,100 uair an chloig in aghaidh na bliana do gach solas ó thitim na hoíche go breacadh an lae.

Na Gníomhaíochtaí atá pleanálte do 2016

In 2016, déanfaidh Fáilte Éireann iarracht tionscadail le cois a thabhairt isteach a dhéanfaidh fuinneamh a shábháil chun an méid fuinnimh a úsáideann na heagraíochtaí a laghdú. Táthar ag súil go nglacfar leis na nithe seo a leanas:

- Faoi dheireadh Ráithe 1, 2016, beidh athbhreithniú i dtaobh riachtanais soilsithe lasmuigh na heagraíochta ag an gCeanncheathrú i mBaile Átha Cliath curtha i gcrích; tá sé beartaithe go ndéanfar na soilse lasmuigh ar fad a mhúchadh ó lár mhí Aibreáin go lár mhí Dheireadh Fómhair, agus uaireanta oibre na soilse lasmuigh 17 x 150W LED a laghdú ó 4,100 uair an chloig sa bliaín go 910 uair an chloig sa bliaín. Táimid ag súil nach mbeidh gá ach le solas amháin a fhágáil lasta ar feadh 4,100 uair an chloig sa bliaín. Meastar go ndéanfaidh athrú den sórt sin tuairim is 8,135 kWh leictreachais sa bliaín a shábháil.
- Tá sé beartaithe uasghrádú a dhéanamh ar na soilse i seomra cruinnithe ar Shráid Amiens, Baile Átha Cliath, i mí na Feabhra, 2016, ina n-áireofar soilse 11 x 4.5W LED a chur in ionad na soilse 11x 50W Halaigine. Bunaithe ar úsáid 3,000 uair an chloig sa bliaín (7 ar maidin go dtí an 7 tráthnóna, 5 lá na seachtaine), meastar go ndéanfaidh an t-uasghrádú sin 1,502 kWh leictreachais sa bliaín a shábháil.
- Tá sé beataithe uasghrádú a dhéanamh ar na soilse sa fhorhalla ag ionad Discover Ireland i gCill Airne, sa Mhárta 2016. Déanfar lampáí 8 x 4.5W GU 10 a chur in ionad na spotsoilse Halaigine 8 x 50W. Bunaithe ar úsáid 3,500 uair an chloig sa bliaín (8 ar maidin go dtí an 6 tráthnóna, 7 lá na seachtaine), meastar go ndéanfaidh an t-uasghrádú sin 1,274 kWh leictreachais sa bliaín a shábháil.
- Tá sé beartaithe ag an bhfoireann TFC leanúint ar aghaidh lena clár athnuachana trí uasghrádú a dhéanamh ar 10 gcinn de sheanróimhairí glúine. Meastar go ndéanfar 518 kWh leictreachais a shábháil, bunaithe ar úsáid 1,500 uair an chloig sa bliaín.

Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015



Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

Éilíonn Alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003 ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú ar bhealach a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta & Spóirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.


Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítéar ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach
- glacadh leis go leanfaidh Fáilte Ireland ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a noctadadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntí go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 27 den Acht. Tá an tÚdarás freagach chomh maith as sócmhainní Fáilte Ireland a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh le cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí agus iad a aimsiú.



Michael Cawley - Chairman
5ú Deireadh Fómhair 2016



Susan Bergin - Authority Member
5ú Deireadh Fómhair 2016

An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de ráiteas an ghrúpa ar ioncam agus caiteachas, ráiteas an ghrúpa ar an staid airgeadais, ráiteas an Údarás ar an staid airgeadais, ráiteas an ghrúpa ar athruithe ar Ghnáthscaireanna, ráiteas an ghrúpa ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbealach a bhforordaítear faoi Dhara Sceideal an Actica agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údarás

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntí go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid an ghrúpa agus ar ghnóthaí an Údarás, as a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idrbheart a chinntí.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An fhreagracht atá orm ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme.

Tugadh faoin iniúchadh de réir breithnithe speisialta a bhaineann le comhlacthaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIníúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus cloím le Caighdeán Eiticiúla d'Iníúchóirí de chuid an Bhoird Chleachtais Iníúchta.

Scóp iniúchta na ráiteas airgeadais

Le linn iniúchadh, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na noctaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé acu an calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú a dhéanamh ar:

- cibé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta ábhartha d'imthosca an Údarás, ar cuireadh i bhfeidhm go leanúnach iad agus ar noctadadh go leordhóthanach iad
- réasúntacht na meastachán cuntasáiochta suntasach a dhéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair ginearálta na ráiteas airgeadais

Lorgáim fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idrbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil an Údarás chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon eolas is cosúil atá mícheart go hábhartha bunaithe ar an eolas a fuair mé le linn an t-iniúchadh seo a chur i gcrích, nó aon eolas nach bhfuil ag teacht go hábhartha leis an eolas sin, a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, breithním na tionchair a bheidh acu sin ar mo thuarascáil.

Bunús leis an tuairim chálaithe ar na ráitis airgeadais

Nochtar sna ráitis airgeadais oibleagáidí sochair scoir iomlána amhail an 31 Nollaig 2015 de €244 million (2014: €242 milliún). Mar a mhínítear níos iomláine sna beartais chuntasaíochta, feidhmíonn an tÚdarás trí scéim pinsin. I ndáil le dhá cheann de na scéimeanna, aithnítear sócmhainn maoinithe socair scoir iarchurtha sna ráitis airgeadais, chun forálacha an Actica um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 a léiriú. Áirítear san Acht ráthaíocht reachtúil go gcomhlíonfaidh an Státhiste íocaíochtaí pinsin amach anseo. Cuireadh an ráthaíocht ar fáil nuair a aistríodh na hiarmhéideanna a bhí coinnithe sna scéimeanna a maoiníodh roimhe sin chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin.

Is scéim sochair sainithe í scéim aoisliúntais an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (NTDA), a fheidhmítear ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ó bunaíodh í in 2003. Ní raibh sí incháilithe lena cur san áireamh faoi théarmaí Actica 2009 mar gheall nach scéim mhaoinithe í. Ní aithnítear sna ráitis airgeadais sócmhainn maoinithe socair scoir iarchurtha i ndáil leis an scéim. Ghlac an tÚdarás an cur chuige seo ar an mbonn nár tugadh ráthaíocht reachtúil ná eile dó i ndáil le dliteanais na scéime amach anseo.

An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (ar lean)

Is é mo thuairim gur cheart sócmhainn maoinithe socair scoir iarchurtha a aithint i ndáil le scéim aoisliúntais an NTDA, de réir chleachtas chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn. Tá sin bunaithe ar

- an bhforáil reachtúil do scéim a bhunú
- cleachtas agus beartas seanbhunaithe i ndáil le hoibleagáidí sochair scoir na seirbhise poiblí a mhaioniú ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear
- mar gheall go n-éilíonn an scéim ranníoca ó fhostaithe, agus
- nádúr an phróisis maidir le meastachán bhliantúla faoina socráitear maoiniú Stáit don Údarás

Dá mbeadh sócmhainn maoinithe socair scuir iarchurtha aitheanta ag an Údarás i ndáil leis an scéim, nochtadh ráiteas an ghrúpa ar an staid airgeadais glan sócmhainní €41 milliún amhail an 31 Nollaig 2015 (athluite 2014: €41.4 milliún), nochtadh ráiteas an Údarás ar an staid airgeadais glansócmhainní €39 milliún (athluite 2014: €39.4 milliún) agus nochtadh cuntas ioncaim agus caiteachais an ghrúpa 2015 barrachas €0.3 milliún don bhliaín (athluite 2014: €6.1 milliún).

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim, ach amháin i gcás gan aitheantas a thabhairt do shócmhainn maoinithe sochair scuir iarchurtha i ndáil le scéim aoisliúntais an NTDA mar a shoileáritear thusa, go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmháodh i gceart de réir Chleachtas Chuntasaíochta a nGlahtar go Ginearálta leis in Éirinn, agus go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar riocht an Ghrúpa agus ar ghnótháí an Údarás amhail an 31 Nollaig 2015, agus ar ioncam agus caiteachas an ghrúpa do 2015.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Ábhair lena dtuairiscim trí eisceacht

Tuairiscim trí eisceacht mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó

- má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Údarás ag teacht leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a fuair mé le linn dom an t-iniúchadh a chur i gcríoch, nó
- mura léiríonn an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tsuí ar cuireadh gnó poiblí i gcríoch.

Neamhrialtacht

Nochtar sa ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach go ndearnadh focaíocht trí páirtí mhíthreoraithe €107,000 mar thoradh ar laigeacht sa rialú. Rinneadh €20,000 a aisghabháil. Tá rialuithe agus nósanna imeachta an Údarás tugtha cothrom le dáta ó shin chun aghaidh a thabhairt ar an gceist sin.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
13 Deireadh Fómhair 2016

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Thar ceann an Údaráis aithním ár bhfreagrácht a chinntíú go ndéantar córas rialaithe airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán a sholáthar, go gcsónaítear sócmhainní, go n-údaráitítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtáí nó go n-aimsítear iad in am tráthá.

Tá céimeanna glactha ag an Údarás lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- fhreagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
 - nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gnómh ceartaitheach iomchuí (Cód lompair Fostaithe)

Glacadh le próiseas foirmíúil chun riosca gnó a aithint, a mheas, a mhaolú agus a bhainistiú. Cuid den phróiseas sin ná:

- rioscaí agus cineál rioscaí a aithint
 - dóchúlacht tarlaithe
 - na himpleachtaí airgeadais nó eile
 - na facthtóirí maolaithe
 - pleannanna chun na rioscaí aitheanta a bhainistiú
 - monatóireacht agus tuairisciú ar an bpróiseas

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaith ar chreat oibre eolais bainistíochta rialta, ar athbhreithníú ar an eolas sin, ar nósanna imeachta riarracháin, lena n-áirítear dualgais a roinnt, agus ar chóras toscaireachta agus cuntasáiochta. Áirítear leis go háirithe:

- Pleananna straitéiseacha a mhaireann trí bliana agus buiséid bhliantúla atá ceadaithe ag an Údarás.
 - Tuarascálacha buiséid ardleibhéal a dhéanann athbhreithniú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid a ndéanann an tÚdarás athbhreithniú orthu ag gach cruinniú.
 - Cruinniú den Choiste Bainistíochta, arb iad a bheidh air an Príomh-Fheidhmeannach agus na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin a thagann le chéile uair sa choicís ar a

laghad chun iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid, Rioscaí a athbhreithniú, ceisteanna airgeadais a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht, agus tionscadail mholta a chuirtear faoina mbráid a cheadú.

- Feidhm Iníúchta Inmheánaigh a dhéanann monatóireacht ar chomhlíonadh reachtaíochta Rialtais, coidh cheleachtais agus beartais agus nósanna imeachta Fáilte Ireland. Déanann an t-aonad Iníúchta Inmheánaigh éifeachtúlacht na rialuithe airgeadais taobh istigh den eagraíocht a mheas chomh maith. Tuairiscíonn an tIníúchóir Inmheánach chuig Cathaoirleach an Choiste Iníúchta agus Bainistíochta Riosca.
 - Tuairiscíonn feidhm Bainistiú Riosca feidhmithe a dhéanann monatóireacht ar dhul chun cinn na heagraíochta maidir le riosca aitheanta sa Chlár Riosca chuig an bhfeidhmeannach.
 - Coiste Iníúchta agus Bainistíochta Riosca ar a bhfuil ceathrar stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus a thagann le chéile that ar cheithre huaire sa blhain chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha an Iníúchóra Inmheánaigh agus ar an gClár Riosca, agus a thuairiscíonn chuig an Údarás.

Is é an tIníúchóir Inmheánach, an Coiste Iníúchta a dhéanann maoirseacht ar obair an Iníúchóra Inmheánaigh agus na bainisteoirí feidhmeannacha laistigh de Fáilte Ireland atá freagrach as an gcreat oibre rialaithe airgeadais a fhorbairt, a dhéanann monatóireacht agus athbhreithníu ar éifeachtúlacht chórás an rialaithe airgeadais.

Le linn 2015, d'éirigh le tríú páirtí focafocht €107,000 a bhaint as an Eagraíocht trí chaimiléireacht. Fuarthas ar ais €20,000 den méid sin. Tá rialuithe agus acmhainní breise curtha i bhfearas ag an Údarás a théann i ngleic leis an riosca.

Dearbháim, i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2015, go ndearna an túdarás athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.


Michael Barker

Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam agus ar Chaiteachas


don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
IONCAM:			
Deontais Oireachtas	2	119,492	133,544
Ioncam Eile	3	5,274	5,467
KGCL Property Holdings Ltd - Ioncam ó Chíos	14	14	15
Glan-mhaoiniú sochair scoir sa bhliain	25 D	2,070	3,055
		126,850	142,081
AISTRIÚ (CHUIG)/Ó C(H)ÚLCISTÍ CAIPITIL	18	756	767
Ioncam lomlán		127,606	142,848
CAITEACHAS::			
Speansais Oibríochta Ghinearálta:			
Cláir Aitheantais (Slí an Atlantaigh Fhiáin, BÁC, Sean-Oirthear na hÉireann)	4	15,447	14,786
Cláir Eile (Turasóireacht Gnó, Margaíocht Baile)	5	8,065	7,997
Ag tacú le Gníomhaíochtaí agus Cumasaíré	6	25,314	26,450
Tóstal Éireann 2013	7	-	46
Forbairt Oibríochtaí	8	10,434	10,275
Pá	9	18,200	23,251
KGCL Property Holdings Ltd - Costais Riarracháin	14	56	80
Íocaíochtaí Deontais Turasóireacht Éireann Teoranta	2	40,750	43,623
Costais Sochair Scoir	25 A	9,227	12,163
Caiteachas lomlán		127,493	138,671
Barrachas roimh Chánachas		113	4,177
Cánachas		-	-
Barrachas tar éis Cánachais		113	4,177
Leas mionlaigh - KGCL Property Holdings Ltd		11	16
Barrachas tar éis Leasa mionlaigh		124	4,193

Tá athrangú déanta ar mhéideanna áirithe airgid a bhí ann blianta roimhe seo d'fhoinn is go mbeidh siad ag teacht leis an gcur i láthair ar an tréimhse reatha. Níl aon tionchar ag an athrangú seo ar na torthaí atá tuairiscthe.



Michael Cawley - Cathaoirleach
5ú Deireadh Fómhair 2016




Susan Bergin - Comhalta Údaráis
5ú Deireadh Fómhair 2016

Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach


don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
	Arna athlua		
Barrachas don Bhliain		124	4,194
GNÓTHACHAIN ACHTÚIREACHTA AR SCÉIMEANNA PINSIN			
Taithí gnóthachain ar dhliteanais na scéime pinsin	25 B	473	4,751
Gnóthachain / (Caillteanais) de bharr athruithe ar bhoinn tuisceana	25 B	(256)	(20,473)
GNÓTHACHAN/ (CAILLTEANAS) ACHTÚIREACH		217	(15,722)
COIGEARTÚ AR GHLAN-MHAOINIÚ IARCHURTHA DO PHINSIN			8,478
Coigearút maidir le hlarchur Pinsin Ghlan		(2,192)	(7,244)
Gnóthachan / (caillteanas) Aitheanta lomlán i leith na bliana		(2,068)	(3,050)

Cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo is ea an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 28.



Michael Cawley - Cathaoirleach
5ú Deireadh Fómhair 2016




Susan Bergin - Comhalta Údaráis
5ú Deireadh Fómhair 2016

Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais


amhail an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Maoin, Innealra agus Trealamh	11	28,845	29,193
Sócmhainní Airgeadais	13	60	60
Réadmhaoin Infheistíochta	12	276	726
		29,181	29,979
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fardail		21	26
Infhláitais	15	733	892
Iarmhéideanna Bainc agus Airgid	16	47,262	47,442
		48,016	48,360
Nithe Iníochta : Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	17	36,180	36,878
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA			
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAS REATHA ROIMH PHINSIN		41,017	41,461
Coigeartú ar Ghlan-Mhaioniú larchurtha do Phinsin	25 D	99,397	99,735
Oibleagáidí Sochair Scoir	25 C	(244,188)	(242,135)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAS REATHA TAR ÉIS PINSEAN		(103,774)	(100,939)
ARNA CHUR I LÁTHAIR			
Cúlchistí Coinnithe loncaim	19	(131,466)	(129,398)
Cuntas Caipitiúil	18	27,190	27,946
		(104,276)	(101,452)
		502	513
LEASANNA NEAMH-URLÁMHAS		(103,774)	(100,939)

Cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo is ea an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 28.



Michael Cawley - Cathaoirleach
5ú Deireadh Fómhair 2016




Susan Bergin - Comhalta Údaráis
5ú Deireadh Fómhair 2016

Ráiteas an Údaráis ar an Staid Airgeadais


amhail an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
Arna athluá			
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Maoin, Innealra agus Trealamh	11	26,856	27,162
Sócmhainní Airgeadais	13	58	58
Réadmhaoin Infheistíochta	12	276	726
		27,190	27,946
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fardail		21	26
Infhláitais	15	733	891
Larmhéideanna Bainc agus Airgid	16	47,249	47,432
		48,003	48,349
Nithe Iníochta : Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	17	36,175	36,875
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		11,828	11,474
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAISS REATHA ROIMH PHINSIN		39,018	39,420
Coigearnú ar Ghlan-Mhaoliniú larchurtha do Phinsin	25 D	99,397	99,735
Oibleagáidí Sochair Scoir	25 C	(244,188)	(242,135)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAISS REATHA TAR ÉIS PINSEAN		(105,773)	(102,980)
ARNA CHUR I LÁTHAIR			
Cúlchistí Coinnithe loncaim	19	(132,963)	(130,926)
Cuntas Caipitiúil	18	27,190	27,946
		(105,773)	(102,980)

Cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo is ea an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 28.



Michael Cawley - Cathaoirleach
5ú Deireadh Fómhair 2016




Susan Bergin - Comhalta Údaráis
5ú Deireadh Fómhair 2016


Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe ar Ghnáthscaireanna

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	Caipiteal	NCI	IOMLÁN
	€'000	€'000	€'000	€'000
Ar an 1 Eanáir 2014				
(Easnamh)/Barrachas Coinnithe don bhliain	4,177	-	-	4,177
(Easnamh)/Barrachas Coinnithe KGCL don bhliain	16	-	-	16
Ioncam a Úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a Cheannach nó Íocaíochtaí Caipil a Mhaoliniú	-	2,328	-	2,328
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní	-	(1,652)	-	(1,652)
Athluacháil Maoine Infheistíochta	-	450	-	450
Diúscairt Sócmhainní	-	(1,893)	-	(1,893)
Infheistíocht san Fhochuideachta KGCL Property Holdings Ltd	-	12	-	12
Glansócmhainní Iomlána Tugtha Ar Aghaidh - KGCL Property Holdings Ltd	-	-	513	513
Ioncam Cuimsitheach Eile - pinsean	(7,244)	-	-	(7,244)
Ar an 31 Nollaig 2014	(129,398)	27,946	513	(100,939)
(Easnamh)/Barrachas Coinnithe don bhliain	113	-	-	113
(Easnamh)/Barrachas Coinnithe KGCL don bhliain	11	-	(11)	-
Ioncam a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach nó Íocaíochtaí caipil a mhaoliniú	-	1,791	-	1,791
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní nó muirear airgeadais	-	(2,097)	-	(2,097)
Athluacháil Maoine Infheistíochta	-	(450)	-	(450)
Ioncam cuimsitheach eile - pinsean	(2,192)	-	-	(2,192)
Ar an 31 Nollaig 2015	(131,466)	27,190	502	(103,774)

Cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo is ea an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 28.


Michael Cawley - Cathaoirleach
5ú Deireadh Fómhair 2016



Susan Bergin - Comhalta Údaráis
5ú Deireadh Fómhair 2016

Ráiteas an Ghrúpa ar Shreabhadh Airgid


don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

Nótaí	2015	2014
	Arna athluá	
	€'000	€'000
Barrachas tar éis Leasa Mionlaigh	124	4,193
Leas Mionlaigh	(11)	(16)
Glan-Mhaoiniú larchurtha do Shochair Scoir	199	1,874
Dímheas Maoine, Innealra agus Trealmh	2,139	1,711
Díscríobh ar Mhaoin, ar Innealra agus ar Threalamh	-	1,654
Aistriú chuig Cuntas Caipitiúil	18	(756)
Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	-	(8)
(Ardú)/ Laghdú ar Infháltais	15	159
Ardú/ (Laghdú) ar Infháltais	17	(698)
Laghdú ar Fhardail	5	16
Athscríobh ar Chúlchiste Athluachála	26	(450)
Glan-Insreabhadh/Sreabhadh Airgid ó Ghníomhachtaí Oibríochta	1,611	13,827
 Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíocht chun Maoin, Innealra agus Trealmh a Pháil	(1,791)	(2,328)
Fáltais ó Dhíolacháin Mhaoine, Innealra agus Trealmh	-	247
	(180)	11,746
 Airgead tirim agus Coibhéisí airgid thirim ag túis na bliana	47,442	35,696
Airgead tirim agus Coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana	47,262	47,442

Cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo is ea an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 28.



Michael Cawley - Cathaoirleach
Sú Deireadh Fómhair 2016



Susan Bergin - Comhalta Údaráis
Sú Deireadh Fómhair 2016

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

dar críoch an 31 Nollaig 2015

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha a glacadh sna ráitis airgeadais:-

EOLAS GINEARÁLTA AGUS COINBHINSIÚ CUNTASAÍOCHTA

Bunaíodh Fáilte Ireland faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003. Is iad príomhfheidhmeanna Fáilte Ireland, arna sonrú sa reachtaíocht:

- Turasóireacht sa stát a spreagadh agus tacú léi agus le fiontair agus le tionscadail chuige sin.
- Earcaíocht, oiliúint, oideachas agus forbairt daoine óga a spreagadh agus tacú leo chun críocha fostáiochta i dtionscal na turasóireachta.
- Taighde agus pleánáil a chur chun cinn agus dul ina mbun
- Clár áiseanna lóistín a bhunú agus a choinneáil.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é Fáilte Ireland.

RÁITEAS MAIDIR LE COMHLÍONADH

Tá ráitis airgeadais Fáilte Ireland don bláthain dar críoch an 31 Nollaig 2015 ullmhaithe de réir FRS 102, an caighdeán airgeadais a chuirtear i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), faoi mar atá fógartha ag Cuntasáoirí Cairte na HÉireann. Is iad seo chéad ráitis airgeadais Fáilte Ireland a ullmháidh de réir FRS 102. An 1 Eanáir 2014 an dáta ar aistríodh go FRS 102. Rinneadh ráitis airgeadais na bliana roimhe sin a athshonrú do choigeartuithe ábhair nuair a glacadh le FRS 102 sa bláthain reatha. Is féidir a thoradhsean a fheiceáil i Nóta 26.

BUNÚS AN ULLMHAITHE

Ullmháidh na ráitis airgeadais de réir an choinbhinsiúin costais stáiriúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a thomhaistear de réir luachanna cothroma arna míniú sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais sa chruth atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus aontaithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna

a cheaptar a bheith bainteach le ráitis airgeadais Fáilte Ireland.

DEONTAIS OIREACHTAIS

Is léiriú iad na deontais sa Chuntas loncaim agus Caiteachais ar na suimeanna a fuarthas i leith na tréimhse sin. Is trí Fáilte Ireland a chuirtear maoiniú uile Dheontais an Oireachtaí ar fáil do Tourism Ireland Limited.

DEONTAIS INÍOCHTA

Aithnítear caiteachas deontais sa tréimhse ina ndéanann an faughteoir an ghníomhaíocht deontais a chruthaíonn teidlíocht ar an tacaíocht deontais agus ina ndéanann sé de réir coinníollacha deontais.

IONCAM EILE

Aithnítear an t-ioncam uile, seachas ioncam cíosa, nuair is dócha gur chun leas an Ghrúpa a rachaidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an idrbheart agus nuair is féidir an t-ioncam a thomhas go cruinn. Aithnítear ioncam cíosa ar bhonn líne dírí le linn an léasa ábhartha.

AIRGEADRA COIGRÍCHE

Meastar an euro a bheith ar an airgeadra ionadaíoch agus láithritheach atá ag an ngrúpa agus ag an máthairchuideachta toisc gurb é sin airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíochta ina bhfeidhmíonn sé.

Déantar idrbhearta a ainmnítear in airgeadra coigríche a iompú ina euro ag ráta caighdeánach comhaontaithe don bláthain.

Déantar gnóthachain agus caillteanais mhalaírtaithe réadaithe ar idrbhearta a socraíodh i rith na bliana a chur san áireamh sa Chuntas loncaim agus Caiteachais don bláthain. Aistítear sócmhainní agus dliteanais airgid a ainmnítear in airgeadra coigríche ina euro ar rátaí malartaíthe atá ann dáta an chláir chomhardaithe agus déantar gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as an méid sin a chur san áireamh sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais don bláthain.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

dar críoch an 31 Nollaig 2015

MAOIN, INNEALRA AGUS TREALAMH AGUS DÍMHEAS

Tugtar Maoin, Innealra agus Trealamh faoin tsamhail costais mar chostas staire lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais laige charntha. Tá san áireamh le costas stairiúil caiteachas a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a thabhairt go dtí an láthair agus í a bheith sa bhail a theastaíonn chun go mbeadh ar a cumas feidhmiú sa tslí a bhí i gceist ag an lucht bainistíocha.

Cuireann an chuideachta le méid iompair míre sócmhainní seasta an costas a bhaineann le rud a chur in áit cuid den mhír sin nuair a thabhaítear an costas sin, má cheaptar go mbainfidh an chuideachta tairbhe as an bpáirt ionaid de réir a chéile san aimsir amach anseo. Déantar deisiúchán agus cothabháil a chur in aghaidh an bhrabúis nó an chaillteanais le linn na tréimhse ar tabhaíodh iad.

Gearrtar dímheas le costas na sócmhainní lúide luach iarmharach an dímheasa a leithdháileadh thar an tréimhse a cheaptar a mbeidh feidhm leo, ag baint úsáide as an modh líne dírí ar na rátaí bliantúla atá leagtha amach amach thíos.

Talamh	0%	
Trealamh Ríomhairesca	33%	Líne dhíreach
Troscán agus Feistis	20%	Líne dhíreach
Trealamh Oiliúna	20%	Líne dhíreach
Áitribh	2%	Níos ísle ná an méid cothrom nó más airde an chuid atá fágtha den Léas.
Forbairt an Láithreáin Ghréasáin	33%	Líne dhíreach

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní, ar an tréimhse a mbeidh feidhm leo agus ar na modhanna dímheasa, agus déantar coigeartú orthu roimh ré más cuí, nó má tá an chuma ar an scéal go mbeidh athrú mór ann ó rinneadh tuairisc go deireanach.

SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA

Bíonn sócmhainní infheistíochta comhdhéanta de thalamh agus d'fhoirgnimh le luach taitneamhach amháin agus luaitear Déantar maoin infheistíochta ar féidir luach cothrom a thomhais go cruinn lena n-aghaidh gan costas nó iarracht mhíchuí ar bhonn leanúnach, a thomhas ar luach cothrom gach bliain agus aithnítear aon athrú atá tagtha ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Déantar sócmhainní infheistíochta atá ar díol a athluacháil ag an bpraghais a cheaptar a dhíolfar iad.

SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

Ar na sócmhainní airgeadais tá leasanna cothromais in eintitis áirithe, faoi mar a shonraítear i Nóta 13. Taispeántar na sócmhainní seo de réir costais lúide lagú seachas de réir luachála óir níl luacháil praiticiúil de bharr chineál na n-infheistíochtaí agus de bharr (a) nach bhfuil aon phraghsanna tugtha do shócmhainní den chineál céanna ar mhargadh gníomhach, (b) nach bhfuil aon phraghsanna d'idirbhearta a rinneadh le déanaí ar shócmhainní den chineál céanna agus (c) nach bhfuil aon bhealach le praghas idirbhirt a chinneadh bunaithe ar mhalartú ar neamhthuilleamaí a bhaineann le gnáth-thosca gnó. Lena chois sin, rachadh an costas a bhaineann leis na sócmhainní a luacháil thar an tairbhe a bhainfí as agus níl sé ar intinn ag aon duine na hinfheistíochtaí seo a chur de dhroim seoil san aimsir amach anseo.

CUNTAS CAIPITIL

Is ionann an Cuntas Caipitil agus an luach ioncaim neamhamúchta a úsáidtear chun críocha caipitil. Déantar aistrithe idir cúlchistí ioncaim agus cúlchistí caipitil gach bliain chun maoiniú caipitil na heagraíochta a chothromú, lena n-áirítear léasanna airgeadais, chuir glanluach leabhair a sócmhainní seasta.

EARRAÍ INFHAIGTHE

Níl mír mhór airgeadais ag baint le hearraí infhaigthe agus tomhaistear iad de réir a bpraghais idirbhirt nuair a aithnítear ar dtús iad. Déantar earraí infhaigthe a athbhreithniú le haghaidh táscairí laguithe agus dísriobhtar drochfhiacha sa tréimhse ina dtarlaíonn siad.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

dar críoch an 31 Nollaig 2015

FARDAIL

Déantar fardail a luacháil ag an gcostas bunaidh agus ag an nglanluach inréadaithe. Déantar athbhreithniú ar mhéid iompair na bhfardal le haghaidh táscairí lagaithe ar dhá gach cláir chomhordaithe. Má tá fianaise oibiachtúil ar lagú ann, aithnítear cailliúint lagaithe sa chuntas brabús agus caillteanais.

LÉASANNA OIBRÍOCHTA

Déantar cíos a focadh faoi léasanna oibríochta a chur in aghaidh an bhrabús nó an chaillteanais ar bhonn líne dírí chúns a mhaireann an léas.

SOCHAIR D'FHOSTAITHE

(A) Sochair Scoir

Tá trí scéim shainmhínithe sochair ag Fálte Ireland a mhaoinítear gach bliain ar bhunús íoc-mar-a-úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó ranníocaíochtaí a baineadh ó thuarastail ball foirne. Aithníonn Fálte Ireland sócmhainn atá comhionann leis an dliteanas iarchurtha pinsin i ndáil le dhá scéim, áit a bhfuil gealltanais dlíthiúil go gcuirfidh an tOireachtas cistí ar fáil chun pinsin a mhaioniú ar bhonn leanúnach. Sa chás nach bhfuil gealltanais dlíthiúil ann airgead a sholáthar chun íocaíochtaí pinsin a mhaioniú amach anseo, ní aithníonn Fálte Ireland sócmhainn aischurtha pinsin. Tá na sonraí leagtha amach thíos.

Scéim pinsin neamh-mhaoinithe (iar-CERT) agus pleán pinsin ranníoca agus sochair bháis agus Scéim neamh-mhaoinithe.

